

**DEA-CHLEACHTAIS I DTACA LE HÁISEANNA TEAGAIS DON TEAGASC
TRÍ GHAEILGE IN IAR-BHUNSCOILEANNA GAELTACHTA & LÁN-
GHAEILGE:**

**Tuairimí/ Taithí atá ag Múinteoirí Iar-bhunscoile Gaeltachta/lán-Ghaeilge i dtaca le
háiseanna Teagaisc don Teagasc trí Ghaeilge agus samplaí de na dea-chleachtais i
bhfoirm áiseanna teagaisc atá cruthaithe acu féin**

TUARASCÁIL DO COGG, NOLLAIG 2011

AN CLÁR

1. CÚLRA AN TAIGHDE

2. RÉAMHRÁ LITRÍOCHTA

3. AN TAIGHDE SEO

4. AIDHM AN TAIGHDE

5. AN MHODHEOLAÍOCHT

6. NA HAGALLAIMH

7. AN SUIRBHÉ

8. TÁTAL

9. CONCLÚID AGUS MOLTAÍ

1. CÚLRA AN TAIGHDE

I Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta 2004 (Mac Donnacha et al, 2005) nuair a rinneadh móriniúchadh ar na scoileanna Gaeltachta cuireadh síos ar an easpa áiseanna teagaisc trí Ghaeilge mar cheann de na mórdhúshlán a bhain leis an teagasc trí Ghaeilge ag leibhéal na hiarbhunscoile. Sa tuarascáil sin, tugadh cuntas ar an ngéarchéim atá ag an teagasc trí Ghaeilge in iar-bhunscoileanna Gaeltachta le tamall de bhlianta anuas (ibid). Agus i *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta 2004: Léargas ó na Príomhoidí, na Múinteoirí agus na Tuismitheoirí*, léirítear na dúshlán atá ag na iar-bhunscoileanna Gaeltachta: úsáid an Bhéarla a bheith in uachtar mar theanga chaidrimh i measc na ndaltaí i gcás dhá thrian de na scoileanna ar a laghad; úsáid an Bhéarla a bheith in uachtar mar theanga chaidrimh na múinteoirí ag an gcúigiú cuid de na scoileanna seo; deacrachtaí ag breis agus dhá thrian de na hiarbhunscoileanna Gaeltachta múinteoirí a earcú atá ábalta teagasc trí Ghaeilge. Agus sa tuarascáil sin is é an dúshlán mór atá roimh mhúinteoirí dara leibhéal, atá ag teagasc trí Ghaeilge, a laghad áiseanna teagaisc atá ar fáil trí Ghaeilge (Mac Donnacha 2005).

Nuair a ceistíodh múinteoirí agus príomhoidí in 2004 (Mac Donnacha et al, 2005) tuairiscíodh go raibh an Béarla in uachtar mar mheán teagaisc i 40% de na seisiúin ranga i mbliain na hArdteiste. Agus fiú sna scoileanna atá lonnaithe i gceantair láidre Ghaeltachta (Catagóir A) bhí os cionn 10% den teagasc á dhéanamh trí Bhéarla i gcuid de na hábhair thraidisiúnta de bharr an easpa téacsleabhair/áiseanna teagaisc trí Ghaeilge i measc cúiseanna eile. Tá impleacht mhór ag an ndúshlán seo ar an eispéireas uileghabhálach Gaeilge atáthar ag iarraidh a chur ar fáil do dhaltaí le linn a gcuid oideachais iar-bhunscoile lán-Ghaeilge.

Is fearr atá an soláthar téacsleabhar don teagasc trí Ghaeilge ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh ná ag leibhéal na hArdteiste. Tá obair mhór ar siúl ag an gComhairle Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta sa réimse seo ó 2002 (tuilleadh eolais faoin ábhar agus faoin tacaíocht atá curtha ar fáil do chruthú téacsleabhair Ghaeilge ar

www.cogg.ie, féach *Liosta Iomlán Áiseanna agus Acmhainní Teagaisc don Teagasc trí Ghaeilge* (Bunscoileanna agus Iarbhunscoileanna, Samhain 2010).

I *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta, 2004* níorbh é an easpa soláthair amháin a bhí ag cruthú dúshlán i dtaca le háiseanna/téacsleabhair Ghaeilge a úsáid, áfach. Ar lámh amháin de, léirigh roinnt mhaith múinteoirí a míshástacht leis na háiseanna teagaisc Ghaeilge a bhí á gcur ar fáil nuair a mhíníodar gur cheap siad go raibh an Ghaeilge ródheacair iontu, nach raibh na téacsleabhair Ghaeilge cothrom le dáta, nach raibh siad tarraingteach a dhóthain nó go raibh siad ródhéanach ag teacht ar an margadh. Ach ar an lámh eile de áfach, bhí na háiseanna céanna seo in úsáid go héifeachtach ag roinnt mhaith múinteoirí i scoileanna eile.

Tá an chosúlacht ann go mbraitheann an úsáid a bhaineann múinteoirí as na háiseanna Gaeilge atá ann agus an méid áiseanna Gaeilge a fhorbraíonn siad féin ar a dtuiscintí agus a meon i dtaca leis an teagasc trí Ghaeilge. Dá mbeadh na háiseanna atá ann in úsáid go forleathan agus a thuilleadh áiseanna á chruthú ag múinteoirí iad féin, bheifí ag dul i ngleic le ceann de mhórdhúshlán an teagaisc trí Ghaeilge ag leibhéal na hiarbhunscoile agus is chuige sin atá an taighde/tionscnamh seo á bheartú.

2. RÉAMHRÁ LITRÍOCHTA

Dar le mórán taighdeoirí, tá athrú lánach i saol gairmiúil an mhúinteora (m.sh Pennington, Richards et al, Bailey). Aithníonn an bhunoiliúint, agus an oiliúint agus traenáil leanúnach a chuirtear ar fáil do mhúinteoirí go bhfuil gá le deiseanna machnaimh chun athruithe dearfacha a thabhairt i gcrích (Richards et al). Deir Pennington gur cheart go mbeadh forbairt ghairmiúil agus athrú dearfach mar phríomhaidhm leanúnach ag aon mhúinteoir:

a distinguishing characteristic of the notion of teaching as a profession is the centrality of career growth as an ongoing goal. (Pennington 1990: 132).

Ní hé an t-aon ról atá ag an múinteoir ná a bheith ag teagasc daltaí sa seomra ranga beag beann ar ranganna agus múinteoirí eile. Tá dearcadh nua-aimseartha ann ar an teagasc, agus san áireamh tá: gníomhaíochtaí gairmiúla ag leibhéal na scoile; comhoibriú i bhfoirne; cruthú pobail fhoghlama ghairmiúla; páirt a ghlacadh i bhforbairt scoile; agus machnamh a dhéanamh ar choinníollacha agus comhthéacsanna oibre níos leithne atá ag athrú (Darling-Hammond et al, 2005).

An rud atá i gceist le hathrú i gcás an mhúinteora tá sé casta agus ilghnéitheach, tagraíonn sé d'eolas atá ag an múinteoir, dá mheon, dá thuiscintí, dá fhéintuiscint agus dá fheasacht agus dá chleachtais mhúinteoireachta (Richards et al). Cuireann Freeman síos ar ghnéithe a bhaineann le coincheap an athraithe. Deir sé nach gá go gcialláíonn athrú go ndéantar rud i slí dhifriúil, d'fhéadfaí gur athrú ar an bhfeasacht nó ar an tuiscint a bheadh i gceist agus d'fhéadfaí gur deimhniú ar chleachtais reatha a bheadh ann, ní gá go dtarlódh an t-athrú láithreach bonn nó gur athrú iomlán a bheadh i gceist, tá athruithe áirithe soiléir ón dtaobh amuigh ach tá athruithe eile nach bhfuil, bíonn athruithe áirithe críochnúil agus bíonn athruithe eile leanúnach (Freeman, 1989 lch 29-30).

Braitheann athrú i gcleachtais mhúinteoirí (forbairt ghairmiúil múinteoirí) ar athrú ina meon/tuiscintí dar le Richards et al. Chun léargas a fháil ar conas a thugann múinteoirí faoina gcuid oibre, ní mór tuiscint a bheith ann ar na prionsabail agus ar na tuiscintí a spreagann iad (Richards et al, 2007; 1). Dar le Clark and Peterson (1986), is iad na gnéithe is mó a théann i bhfeidhm ar mhúnlú tuiscintí/prionsabail an mhúinteora ná

- (1) an taithí a bhí acu ar an teagasc a fuair siad féin nuair a bhíodar óg,
- (2) má thriaileann siad cleachtas nua éigin sa seomra ranga agus má oibríonn sé tá gach seans ann go n-athróidh sé seo an tuiscint/meon atá acu i dtaca leis an gcleachtas áirithe sin,
- (3) taithí sa seomra ranga agus caidreamh agus comhoibriú le comhghleacaithe ar scoil
- (4) forbairt ghairmiúil a spreagann múinteoirí chun dianiniúchadh a dhéanamh ar a gcuid prionsabail agus ar a dtuiscintí

(5) an meon/idé-eolaíoch níos leithne atá ag an múinteoir i dtaca le gnéithe níos leithne sa saol – cúrsaí cultúrtha, an tsochaí, cúrsaí oideachais agus mar sin de.

Míníonn tuarascáil TALIS go bhfuil sé fíorthábhachtach na tuiscintí seo, mar aon le meon agus le cleachtais mhúinteoirí a chur san áireamh ar mhaithe leis an bpróiseas oideachais a thuiscint agus a fheabhsú (OECD, 2009: 89)

Cuireann Bailey síos ar roinnt de na gnéithe a spreagann athrú i meon agus i gcleachtais mhúinteoirí. Deir sé go ndéanfaidh múinteoirí athrú má tá siad míshásta leis an tslí a bhfuil rudaí, má thagann siad trasna ar smaoineamh nua a cheanglaíonn siad lena suíomh féin, má bhíonn athrú sa chomhthéacs teagaisc, má fhaigheann siad forbairt ghairmiúil, má bhíonn taithí nua acu féin mar fhoghlaimeoirí nó má bhíonn coimhlint idir tuiscint nua a bhíonn acu agus seanchleachtas atá in úsáid acu. I suirbhé a rinneadh ar 112 mhúinteoir i dtíortha in oirdheisceart na hÁise, dúirt formhór na múinteoirí gurb iad na cúrsaí inseirbhíse/seimineáir agus na comhdhálacha agus an t-aiseolas ó na daltaí is mó a thug orthu a meon agus a gcleachtais mhúinteoireachta a athrú (Richards et al). Mhíníodar gurb é an rud ba thábhachtaí faoina leithéid d'inseirbhís ná an seans a thug sé dóibh bualadh le múinteoirí eile, smaointe a roinnt le múinteoirí eile agus foghlaim conas a dhéileálann daoine eile leis na fadhbanna céanna agus fáil amach an rabhadar sin i mbun na gcleachtas ceart (ibid). I gcás nádúr daoine, is rud riachtanach é an saghas seo féindearbhaithe ina gcuid oibre agus ina gcuid gníomhaíochtaí (Aronson, 2003; 175-6) Labhraíonn Batten (1991; 295) ar an tábhacht a bhaineann le machnamh agus cur síos ar do chleachtais ar mhaithe le hathrú dearfach a thabhairt chun críche:

If teachers can be encouraged and helped to identify and reflect on the positive aspects of their teaching – to articulate their professional craft knowledge – they may provide us with a clearer insight into the nature of effective teaching, enhance their own teaching, and establish a basis for sharing their knowledge with other teachers through school-based professional development. (Batten, 1991: 295)

Ba cheann de mhórhátal na tuarascála TALIS (OECD, 2009) a rinne staidéar comparáideach ar thuiscintí, ar chleachtais agus ar mheon múinteoirí i 23 tír, ná go mbíonn múinteoirí a chuireann forbairt ghairmiúil orthu féin níos oscailte ó thaobh cleachtais mhúinteoireachta de agus go mbíonn níos mó de chlaonadh iontu oibriú le múinteoirí eile

Teachers who undertake professional development undertake a wide array of teaching practices and are more likely to co-operate with other teachers. (TALIS OECD, 2009: 88)

In *Aspects of Education in the Gaeltacht: Policy Implications* (Muintearas, 2000), tá cur síos ann ar na rudaí seo: obair chomhpháirtíochta idir mhúinteoirí Gaeltachta; an próiseas oiliúna; agus cruthú ábhair teagaisc. Chothaigh na rudaí sin muinín thar na bearta i measc múinteoirí sna hoachtóidí. Bhí samhail nua á cruthú don mhúinteoireacht feabhais, agus chuige sin réachtáladh ceardlanna do mhúinteoirí ina rabhadar páirteach iad féin i gcruthú ábhair teagaisc. Tríd an bpróiseas sin chuir na múinteoirí go mór lena scileanna gairmiúla agus iad ag ullmhú ábhar don chlár agus rinneadar forbairt ar mhodhanna nua oibre don seomra ranga go ginearálta. D'athraigh an dearcadh ar an mhúinteoireacht feabhais ó bhonn mar thoradh ar líonra na gceardlann – de bharr rannpháirtíochta na múinteoirí iad féin i bpróiseas oiliúna agus i gcruthú stór acmhainní teagaisc (Muintearas, 2000).

An staidéar píolótach atá idir lámha sa togra seo tugadh faoi i gcomhthéacs na dtuiscintí sa litríocht idirnáisiúnta go bhfuil nasc láidir idir meon, tuiscintí agus cleachtais mhúinteoireachta múinteoirí agus go gcabhraíonn obair i gcomhpháirtíocht le múinteoirí eile, mar aon le hoiliúint agus traenáil, chun athrú agus forbairt ghairmiúil na múinteoirí a chinntiú. Tá samplaí againn cheana féin d'éifeacht aon obair mar seo i gcás an teagaisc trí Ghaeilge in Éirinn, mar shampla Muintearas a luadh thuas, agus obair a rinneadh i measc múinteoirí na n-ábhar teicneolaíochta i bhfoirm an grúpa T4 a bhfuil cur síos níos fearr air in 6.2 thíos.

3. AN TAIGHDE SEO

Moladh cheana (Mac Donnacha et al, 2005) go bhféachtar i gcomhar leis na múinteoirí/scoileanna ar na riachtanais atá ann i ngach ábhar agus tosaíochtaí a leagan amach dá réir don teagasc trí Ghaeilge do gach ábhar, go bhféachfar le struchtúir agus próiseas a bhunú a thabharfaidh ról gairmiúil do na múinteoirí i bhforbairt áiseanna teagasc agus ranga (próiseas a dhéanfaidh taifead ar na dea-chleachtais atá acu cheana féin) agus go bhfiosrófar cé mhéad den ábhar atá de dhíth ar na scoileanna, go háirithe an t-ábhar gearrshaolach, a d'fhéadfaí a chur ar fáil ar an idirlíon.

Chuir an staidéar píolótach seo roimhe tús a chur leis an obair seo bunaithe ar shuirbhé agus ar agallaimh le múinteoirí. Ar dtús, féachadh le heolas a fháil ó na múinteoirí a thabharfaidh tuiscint níos fearr dúinn ar

- (i) na riachtanais is práinní atá acu maidir le háiseanna teagaisc
- (ii) na riachtanais oiliúna agus tacaíochta a bheadh acu agus iad i mbun a gcuid áiseanna teagaisc féin a ullmhú
- (iii) na bealaí a bhféadfaí comhpháirtíocht a chothú i measc múinteoirí chun áiseanna teagaisc a fhorbairt

Sa dara céim den taighde seo rinneadh fardal don ábhar teagaisc - atá ullmhaithe ag na múinteoirí a ghlac páirt sa taighde seo - a bheadh oiriúnach le cur ar fáil ar bhonn níos leithne, m.sh. tríd an idirlíon.

Is sa dara céim seo den taighde atáthar ag súil tús a chur le bunachar eolais faoi na hacmhainní teagaisc atá ar fáil agus go bhfeidhmeoidh sé mar thúsphointe maidir le comhordú a dhéanamh ar an scéim tacaíochta nua do mheánmhúinteoirí atá ag teagasc trí Ghaeilge (.i. go bhféadfaí an chuid is fearr de na háiseanna teagaisc atá bailithe a chur ar fáil ar an idirlíon agus go gcruthófaí (amach anseo) córas/scéim i gcomhar le COGG ina bhféadfadh múinteoirí leanúint ag forbairt agus ag roinnt a gcuid áiseanna teagaisc le múinteoirí eile tríd an idirlíon)

4. AIDHM AN TAIGHDE

Is é aidhm an staidéir phíolótaigh seo ná na féidearthachtaí a bhaineann le próiseas comhpháirtíochta idir mhúinteoirí iar-bhunscoile atá ag teagasc trí Ghaeilge laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht a thionscnamh ina ndéanfaí taifead ar a ndea-chleachtais (ag cur béime ar áiseanna teagaisc atá cruthaithe ag na múinteoirí iad féin) atá ann faoi láthair i dtaca le teagasc trí Ghaeilge de réir ábhair. Bhí sé mar aidhm ag an taighde

(1) tuairimí na múinteoirí a bhailiú maidir leis na tacaíochtaí leanúnacha atá uathu i dtaca leis an teagasc trí Ghaeilge de réir ábhair agus maidir leis na slite ina bhféadfadh múinteoirí iar-bhunscoile atá ag teagasc trí Ghaeilge a bheith ag roinnt a ndea-chleachtais ar a chéile

(2) réamhfhaldal a dhéanamh d'áiseanna ranga/nótaí ranga atá ag na múinteoirí iar-bhunscoile, a ghlac páirt sa staidéar, atá ag teagasc trí Ghaeilge de réir ábhair (le cur ar shuíomh idirlín COGG, nó suíomh idirlín nua a chruthú chun a leithéid d'fhóram idir mhúinteoirí iar-bhunscoile atá ag teagasc trí Ghaeilge a chruthú, ina dhiaidh seo).

Is féidir cur leis an mbunsraith seo (an staidéar píolótach) agus forbairt leanúnach ar thacaíochtaí/áiseanna ranga le roinnt múinteoirí a spreagadh i measc na múinteoirí (mórmholadh an taighde – moladh 2 thíos).

5. AN MHODHEOLAÍOCHT

Tá 27 Iar-bhunscoil sa Ghaeltacht (*Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta 2004 (2005)*) agus 38 Iar-bhunscoil lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht (36 acu sna 26 contae agus 2 i dTuaisceart Éireann (www.gael scoileanna.ie)). Tuairiscíodh cheana go raibh 8 n-iar-bhunscoil sa Ghaeltacht a raibh formhór na n-ábhar á dteagasc trí Bhéarla iontu (*Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta*). Mar sin de, sna 32 contae tá 57 iar-bhunscoil atá ag teagasc trí Ghaeilge. Amach anseo bheadh sé i gceist sampla mór de na scoileanna seo a chur san áireamh mar chuid de thaighde dochtúireachta an taighdeora, ach don staidéar píolótach cinneadh an taighde a dhéanamh i measc na múinteoirí i 5 iar-bhunscoil atá ag teagasc trí Ghaeilge, scoileanna Gaeltachta agus lasmuigh den Ghaeltacht san áireamh.

Roghnaíodh na scoileanna seo trí dhul i gcomhairle le COGG maidir le hiarbhunscoileanna a mbíonn teagmháil rialta ag COGG leo ó thaobh forbairt áiseanna teagaisc de. Is trí scoil Ghaeltachta a bhí i gceist, scoil amháin i nGaeltacht Chiarraí (Pobalscoil Chorca Dhuibhne, An Daingean), ceann eile i nGaeltacht Phort Láirge (Meánscoil San Nioclás, An Rinn, Dún Garbhán) agus ceann eile i nGaeltacht na Gaillimhe (Scoil Chuimsitheach na Ceathrún Rua, Co. na Gaillimhe). Bhí an dá iarbhunscoil eile lonnaithe lasmuigh den Ghaeltacht i gCo. Mhuineachán (Coláiste Oiriail, Muineachán) agus i gCathair Chorcaí (Coláiste an Phiarsaigh, Gleann Maghair).

Chuathas i dteagmháil leis na scoileanna seo i mí Feabhra 2011 ag míniú ábhar an taighde do príomhoidí na scoileanna agus ag tabhairt cuireadh d'fhoireann na scoileanna a bheith páirteach sa taighde. Socraíodh dátaí leis na príomhoidí agus tugadh cuairt ar na scoileanna idir Márta agus Bealtaine 2011. Bunaithe ar na comhráití teileafóin leis na príomhoidí roimh ré, roghnaíodh 6 chroí-ábhar ag leibhéal na hArdteistiméireachta (na hábhair is coitianta atá ann lasmuigh de Ghaeilge agus de Bhéarla) le díriú orthu don taighde seo bunaithe ar líon na múinteoirí ábhair atá ann de réir scoile agus bunaithe ar mholtaí na bpríomhoidí maidir leis na hábhair ba thábhachtaí le díriú orthu don staidéar seo.

Mar thoradh ar an bpróiseas seo, is iad seo na hábhair a bhí i gceist : Múinteoirí Staire, Múinteoirí Tíreolaíochta, Múinteoirí na nEolaíochtaí (An Bhitheolaíocht, An Cheimic, An Fhisic) agus Múinteoirí Matamaitice. Rinneadh agallaimh neamhfhoirmiúla leis na múinteoirí ábhair seo le linn na gcuartheanna go dtí gach ceann de na cúig scoil a ghlac páirt sa taighde maidir leis na riachtanais is práinní atá acu maidir le háiseanna teagaisc, maidir lena gcuid riachtanais oiliúna agus tacaíochta i dtaca le forbairt a gcuid áiseanna teagaisc féin agus maidir lena bhfonn comhoibrithe le múinteoirí a n-ábhar i scoileanna eile atá ag teagasc trí Ghaeilge ó thaobh roinnt ábhair teagaisc/nótaí ranga.

Bunaithe ar na tuairimí agus na smaointe a nochtadh le linn na n-agallamh seo, dearadh ceistneoir le scaipeadh ar na múinteoirí céanna. Scaipeadh na ceistneoirí tríd an r-phost ar na múinteoirí i lár mhí na Bealtaine 2011 agus fuarthas iad ar ais ag deireadh na míosa

sin. Ráinig sé gur léirigh roinnt múinteoirí eile, seachas múinteoirí na gcroí-ábhar a luadh thuas, suim sa togra agus gur ghlacadar páirt sa staidéar, múinteoirí na n-ábhar teicneolaíochta, múinteoirí Staidéar Gnó agus Eacnamaíocht Bhaile ach go háirithe, agus tá a gcuid tuairimí san áireamh sa taighde. Nuair a fuarthas na ceistneoirí ar ais, iontráladh an t-eolas sa phacáiste ríomhaireachta staitistiúil, SPSS, agus deineadh anailís ar an eolas ina dhiaidh sin.

6. NA HAGALLAIMH LEIS NA MÚINTEOIRÍ

Tugadh cuireadh do mhúinteoirí na gcroí-ábhar a luadh thuas, mar aon le haon mhúinteoir eile a raibh suim acu sa togra taighde seo, teacht chun cainte leis an taighdeoir aon am i rith an lae a bheadh oiriúnach dóibh a fhad agus a bhí an taighdeoir ar cuairt go dtí an scoil. Is é 61 múinteoir ar fad (ó na 5 scoil a luadh thuas) a tháinig chun cainte leis an taighdeoir. Is iad múinteoirí na gcroí-ábhar (Stair, Tíreolaíocht, Eolaíocht, Matamaitic, Fisic, Ceimic, Bitheolaíocht) móide múinteoirí na n-ábhar eile (Ceol, Corpoideachas, Eacnamaíocht Bhaile, Grafaic Theicniúil, Oideachas Reiligiúnach, Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte, Staidéar Gnó, Teicneolaíocht, Cuntasáíocht, Eacnamaíochta, Eolaíocht Talmhaíochta, Grafaic Dhearaidh agus Cumarsáide, Innealtóireacht, Líníocht Theicniúil agus Staidéar Foirgníochta) a bhí i gceist.

Pléadh ábhar an taighde leo faoi na teidil seo a leanas:

- (1) Na riachtanais is práinní atá acu maidir le háiseanna teagaisc agus a mbreithiúnas ar an soláthar agus ar chaighdeán na n-áiseanna teagaisc atá ann dá gcuid ábhar
- (2) na riachtanais oiliúna agus tacaíochta a bheadh acu agus iad i mbun a gcuid áiseanna teagaisc féin a ullmhú
- (3) na bealaí a bhféadfaí comhpháirtíocht a chothú i measc múinteoirí chun áiseanna teagaisc a fhorbairt.

Is iad seo a leanas na príomhphointí a tháinig chun cinn le linn na n-agallamh leis na múinteoirí:

6.1 NA RIACHTANAIS IS PRÁINNÍ ATÁ ACU MAIDIR LE HÁISEANNA TEAGAISC AGUS A MBREITHIÚNAS AR AN SOLÁTHAR AGUS AR CHAIGHDEÁN NA N-ÁISEANNA TEAGAISC ATÁ ANN DÁ GCUID ÁBHAR

- D'aithin formhór na múinteoirí go raibh feabhas tagtha ar sholáthar téacsleabhar trí Ghaeilge dá gcuid ábhar le tamall de bhlianta
- Chuir na múinteoirí ar fad, geall leis, béim ar an tábhacht a bhaineann le téacsleabhar maith Gaeilge chun a gcuid ábhar a mhúineadh go héifeachtach trí Ghaeilge.
- Léirigh na múinteoirí (m.sh. múinteoirí Ceimice, Bitheolaíochta san Ardteistiméireacht) míshástacht nach bhfuil/ nach raibh téacsleabhar Gaeilge ann dá gcuid ábhar. Dúirt siad gurb é an riachtanas is práinní ar fad a bhí acu go mbeadh téacsleabhar maith Gaeilge ann – go raibh sé dúshlánach agus deacair a bheith ag múineadh ábhair trí Ghaeilge don Ardteistiméireacht gan aon téacsleabhar, nach raibh sé cothrom ar na daltaí. Ní raibh na múinteoirí a bhí i gceist tar éis aon teagmháil a dhéanamh le COGG nó le haon eagraíocht eile maidir le téacsleabhar a chur ar fáil.
- Is minic a labhair múinteoirí ar thábhacht théacsleabhar a bheith suas chun dáta. Cé go raibh na múinteoirí Eolaíochta (TS), Tíreolaíochta (TS) agus Eacnamaíocht Bhaile (TS) sásta go raibh téacsleabhair ar fáil dá gcuid ábhar don Teastas Sóisearach, bhí na téacsleabhair seo as dáta dar le formhór na múinteoirí seo (tá téacsleabhar nua Tíreolaíochta don Teastas Sóisearach foilsithe ó rinneadh an taighde seo).
- Cé nach tuairim an-choitianta a bhí i gceist (8 múinteoirí as an 61 a luaigh é seo), dúradh go raibh sé tábhachtach go mbeadh an rogha cheart téacsleabhar Béarla á aistriú go Gaeilge nuair a bheadh téacs Gaeilge á fhoilsiú, níor aontaigh siad seo gurb é an téacs is fearr a roghnaíodh le haistriú i gcás a gcuid ábhar (múinteoirí Tíreolaíochta, Staire agus Eacnamaíocht Bhaile a bhí i gceist anseo).
- Maidir le caighdeán na dtéacsleabhar a bhí ar fáil trí Ghaeilge, ar an iomlán bhí múinteoirí cuíosach sásta le caighdeán na dtéacsleabhar ag

brath ar an ábhar, ach amháin i gcás na n-ábhar go raibh na téacsleabhair a as dáta dar leis na múinteoirí (Eolaíocht don TS, Eacnamaíocht Bhaile don Teastas Sóisearach) nó i gcás na n-ábhar gur cheap na múinteoirí nach raibh an téacsleabhar Gaeilge tarraingteach a dhóthain (Eacnamaíocht Bhaile don AT) nó i gcás na n-ábhar gur cheap na múinteoirí go raibh an Ghaeilge sa téacsleabhar ródheacair (téacsleabhar amháin Staire don TS).

- Labhair na múinteoirí Matamaitice ar na riachtanais práinneacha a bhí acu go gcuirfí ábhar nua oiriúnach don chúrsa nua Matamaitice, Tionscadal Mata, ar fáil don chúrsa nua. D'aithníodar go raibh sé seo á dhéanamh agus go raibh ábhar ar fáil ag an NCCA, ag Project Maths agus ag COGG ach bhí cuid acu díomách nach raibh an t-ábhar curtha ar fáil tapaidh a dhóthain (go háirithe na múinteoirí i scoil ina raibh an cúrsa nua Tionscadal Mata tosnaíthe ar bhonn píolótach roimh na scoileanna ar fad eile). D'admhaigh cuid de na múinteoirí Matamaitice go raibh gach rud a bhain leis an gcúrsa Matamaitice trína chéile anois ar feadh cúpla bliain toisc an cúrsa nua Tionscadal Mata agus gur cuma an ag teagasc trí Ghaeilge nó trí Bhéarla gur amhlaidh a bheadh.
- Luaigh os cionn leath na múinteoirí ar labhraíodh leo go mba bhreá leo go mbeadh an téacsleabhar Gaeilge (más ann dó) ar fáil go leictreonach chomh maith, go mbíonn daltaí ag súil leis sin anois toisc go mbíonn na leabhair Bhéarla ar fad ar fáil go leictreonach.
- Léiríodh díomá ó thaobh laghad na n-áiseanna teagaisc bhreise a bhí ar fáil don teagasc trí Ghaeilge i gcoitinne, go háirithe áiseanna don chlár ban idirghníomhach do na hábhair éagsúla, áiseanna teicneolaíochta agus áiseanna don obair phraiticiúil. Labhair dhá thrí de na múinteoirí faoi seo ag rá go raibh sé deacair i gcónaí cur lena gcuid ábhar trí Ghaeilge, nó samplaí praiticiúla a thaispeáint don rud a bhí a theagasc acu (i gcás na Tíreolaíochta mar shampla) toisc go raibh aon áiseanna breise (ar nós DVDanna srl) as Béarla den ghnáth. Go minic bhí na múinteoirí ag déanamh comparáide idir líon na n-áiseanna a bhí ar fáil don ábhar trí Bhéarla vs líon na n-áiseanna a bhí ar fáil don ábhar trí Ghaeilge. Tharla

sé ar uairibh nach raibh múinteoirí ar an eolas faoi roinnt de na háiseanna breise, nó téacsleabhar a bhí ar tí a fhoilsiú, i gcás a gcuid ábhar trí Ghaeilge.

6.2 NA RIACHTANAIS OILIÚNA AGUS TACAÍOCHTA A BHEADH ACU AGUS IAD I MBUN A GCUID ÁISEANNA TEAGAISC FÉIN A ULLMHÚ

- Ní raibh an oiread sin múinteoirí tar éis cuimhneamh roimhe seo ar an saghas oiliúna nó tacaíochta a bheadh ag teastáil uathu chun áiseanna teagaisc a chur ar fáil.
- Bhí mórán áiseanna teagaisc cruthaithe cheana féin (i bhfoirm nótaí cuimsitheacha ranga, taispeántais powerpoint, bileoga oibre, leabhráin achoimre ar an gcúrsa) ag formhór na múinteoirí a labhair leis an taighdeoir.
- Cruinneas Gaeilge agus comhtháiteacht nó aontú ar théarmaíocht Gaeilge dá gcuid ábhar an dá thacaíocht ba mhó a luaigh na múinteoirí i dtaca le cruthú a gcuid ábhar féin.
- Níor luaigh mórán múinteoirí as a stuaim féin seachas múinteoirí na n-ábhar teicniúil (a bhfuil taithí acu ar chóras mar seo cheana féin – an grúpa T4) agus múinteoir amháin Bitheolaíochta atá páirteach sa tseirbhís tacaíochta Bitheolaíochta d'iar-bhunscoileanna go dtacódh sé leo bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le múinteoirí eile ó scoileanna eile i dtaca le cruthú ábhar/áiseanna teagaisc. Nuair a luaigh an taighdeoir an smaoineamh seo, áfach, chuir formhór mór na múinteoirí an-suim i gcóras mar seo – deis bualadh le múinteoirí eile ó scoileanna Gaeltachta/lán-Ghaeilge eile ar mhaithe le cruthú/roinnt áiseanna teagaisc agus ar mhaithe lena bhforbairt ghairmiúil mar mhúinteoirí atá ag teagasc trí Ghaeilge.

6.3 NA BEALAÍ A BHFÉADFAÍ COMHPHÁIRTÍOCHT A CHOThÚ I MEASC MÚINTEOIRÍ CHUN ÁISEANNA TEAGAISC A FHORBAIRT

- Mhínigh tuairim agus an tríú cuid de na múinteoirí go mbraitheann siad go bhfuil siad leo féin ag teagasc a gcuid ábhar trí Ghaeilge uaireanta toisc nach mbíonn

teagmháil rialta acu le haon mhúinteoir eile in aon scoil eile a dhéanann an rud céanna.

- Chuir formhór na múinteoirí an-suim in obair le múinteoirí eile/teagmháil a dhéanamh le múinteoirí eile ó scoileanna eile ar mhaithe le háiseanna teagasc a mhalartú agus ar mhaithe le háiseanna nua a chruthú. Ceapadh go mbeadh seimineár/ceardlann an-oiriúnach chuige seo agus ina dhiaidh sin (tar éis do na múinteoirí aithne a chur ar a chéile) dá bhféadfaí córas idirlín a bhunú go mbeadh sé an-éifeachtach ar fad.
- Bhí taithí ag roinnt bheag de na múinteoirí ar chóras mar seo agus dúradar go mbeadh sé tábhachtach a chinntiú go mbeadh rud éigin le fáil ag múinteoir as dá gcuirfeadh sé/sí ábhar ar fáil - .i. chaithfí a chinntiú gur ag roinnt/comhoibriú i ndáiríre a bheidís mar is minic a thug múinteoir nó dhó ábhar uathu ach nach bhfuairadar aon rud ar ais.
- Chaithfeadh múinteoirí a bheidh cinnte go mbeadh eagarthóireacht agus ceartú ar fáil d'aon áiseanna a sholáthróidís.
- Dúirt dhá thrian de na múinteoirí go mbeadh an-fhonn orthu teacht le chéile le múinteoirí ó scoileanna Gaeilge/lán-Ghaeilge eile chun tacaíocht a fháil maidir lena gcuid ábhar a mhúineadh trí Ghaeilge. Bhí ar a laghad 7 múinteoirí (múinteoirí Staire, Ceimice, Matamaitice agus Bitheolaíochta a bhí i gceist) a léirigh an-suim ar fad i gcóras mar seo agus a bheadh sásta ceannaireacht a ghlacadh agus córas mar seo a chur sa siúl ina gcuid ábhar féin.
- Luaigh a lán múinteoirí go mbaineann siad úsáid as na struchtúir thacaíochta ar an idirlíon do na múinteoirí ábhair (trí Bhéarla), an SLSS, agus go mbeadh sé go hiontach dá mbeadh a leithéid chéanna ar fáil don teagasc trí Ghaeilge.
- Cé gur aithníodh go bhfuil roinnt áiseanna leictreonach ar fáil ar shuíomh COGG don teagasc trí Ghaeilge, dúradh nach leor é seo agus nach slí é chun cumarsáid nó teagmháil a dhéanamh le múinteoirí eile ó scoileanna eile.


7. AN SUIRBHÉ

I mí na Bealtaine 2011 scaipeadh an suirbhé (tá cóip den cheistneoir san aguisín) ar 56 múinteoir a bhí lonnaithe sna 5 iar-bhunscoil a luadh thuas. Is 37 múinteoir (nó 66%) acu a d'fhreagair na ceistneoirí agus a sheol ar ais iad go dtí an taighdeoir roimh dheireadh na Bealtaine 2011. Tá an t-eolas a bailíodh sna ceistneoirí le fáil sna míreanna a leanas.

7.1 CÚLRA NA MÚINTEOIRÍ: INSCNE, AOIS AGUS BLIANTA AG TEAGASC I SCOIL GHAELTACHTA/LÁN-GHAEILGE

As an 37 múinteoir a ghlac páirt sa suirbhé, mná a bhí i 20 múinteoir (54%), fir ab ea 16 acu (43%) agus bhí múinteoir amháin nár thug le fios cén inscne a bhí i gceist, mar a léiríonn an léaráid a leanas (Léaráid 7.1).


LÉARÁID 7.1: INSCNE NA MÚINTEOIRÍ



Fiafraíodh de na múinteoirí cén raon aoisghrúpa ina rabhadar, 20-29 bl, 30-39 bl, 40-49 bl, 50-55 bl, 56-59 bl nó 60-65 bliain. Léiríonn Léaráid 7.2 cén céatadán múinteoirí a bhí i ngach aon aoisghrúpa. Is múinteoirí óga faoi bhun 40 bliain d'aois a bhí i bhformhór (70%) de na múinteoirí a ghlac páirt sa suirbhé. Bhí 12 mhúinteoir (32% acu) san aoisghrúpa 20-29 bliain d'aois, bhí 14 mhúinteoir (38% acu) san aoisghrúpa 30-39 bliain. 6 múinteoirí (16%) a bhí idir 40-49 bliain, 3 múinteoirí (8%) a bhí idir 50-55 bliain,


múinteoir amháin (3%) a bhí idir 56-59 bliain, ní raibh aon mhúinteoir san aoisghrúpa idir 60-65 bliain agus bhí múinteoir amháin nár fhreagair an cheist seo.

LÉARÁID 7.2: AOISGHRÚPA NA MÚINTEOIRÍ



Maidir le chomh fada agus a bhí na múinteoirí ag teagasc i scoil lán-Ghaeilge/Ghaeltachta, tugann Léaráid 7.3 thíos le fios go ndúirt 12 mhúinteoir (32% acu) go rabhadar ag múineadh i scoil Ghaeltachta/lán-Ghaeilge ar feadh níos lú ná 5 bliana, bhí 13 mhúinteoir (35%) a dúirt go rabhadar ag múineadh i scoil Ghaeltachta/lán-Ghaeilge idir 5-10 mbliana, 2 mhúinteoirí a dúirt go raibh taithí idir 11-15 bliana acu i scoil Ghaeltachta/lán-Ghaeilge agus 6 mhúinteoirí (16%) a dúirt go raibh idir 16-20 bliain caite acu ag múineadh i scoil Ghaeltachta/lán-Ghaeilge. Is 3 mhúinteoirí (8%) a bhí tar éis níos mó ná 25 bliain a chaitheamh ag múineadh i scoil Ghaeltachta/lán-Ghaeilge. Bhí múinteoir amháin (3%) nár fhreagair an cheist seo.

LÉARÁID 7.3: BLIANTA AG TEAGASC I SCOIL GHAELTACHTA/LÁN-GHAELIGE



7.2 NA HÁBHAIR ATÁ Á DTEAGASC AG NA MÚINTEOIRÍ

Is 37 múinteoir a ghlac páirt sa suirbhé seo agus bhí níos mó ná ábhar amháin á theagasc acu go léir. Mar a thaispeánann Tábla 7.1 thíos, is iad an Stair, an Eolaíocht, an Mhatamaitic agus an Tíreolaíocht na hábhair is mó a bhí á dteagasc ag na múinteoirí a ghlac páirt sa suirbhé seo ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh. Is 10 múinteoirí a bhí ag múineadh Staire, 9 a bhí ag múineadh Eolaíochta agus Matamaitice agus 8 a bhí ag múineadh Tíreolaíochta don Teastas Sóisearach. Ghlac 5 múinteoirí páirt a bhí ag múineadh Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte, 3 múinteoirí Grafaic Theicniúil agus Staidéar Gnó, 2 mhúinteoirí a bhí ag múineadh Corp Oideachais, Eacnamaíocht Bhaile, Oideachas Reiligiúnach agus Teicneolaíochta agus múinteoir amháin a bhí ag múineadh ceoil, agus múinteoir eile a bhí ag múineadh teicneolaíocht Ábhar (Adhmad).

Maidir leis na hábhair a bhí á múineadh ag múinteoirí don Ardteistiméarach, is iad an Stair (7 múinteoirí), an Tíreolaíocht (7 múinteoirí), an Mhatamaitic (7 múinteoirí), an Bhitheolaíocht (5 múinteoirí), an Fhisic (4 múinteoirí) agus an Cheimic (4 múinteoirí) na hábhair is coitianta a bhí á múineadh ag na múinteoirí a ghlac páirt sa suirbhé.

TÁBLA 7.1: NA HÁBHAIR ATÁ Á DTEAGASC AG NA MÚINTEOIRÍ

(6) Eolas fé d'abhair Teagasc		(6) Eolas fé d'abhair Teagasc	
6 (a) Cé acu de na hábhair seo a leanas atá á dteagasc agat don Teastas Sóisearach		6 (b) Cé acu de na hábhair seo a leanas atá á dteagasc agat don Ard Teistiméarachta	
Ceol	1	Bitheolaíocht	5
Corpoideachas	2	Ceimic	4
Eacnamaíocht Bhaile	2	Ceol	
Ealaín, Ceardaíocht, Gréaschóiriú Líníocht		Cuntasaíocht	2
Eolaíocht	9	Eacnamaíocht	2
Grafaic Theicniúil	3	Eacnamaíocht Bhaile	2
Matamaitic	9		
Míotalóireacht		Eolaíocht Talamhaíochta	1
Oideachas Reiligúnach	2	Fisic	4
Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte	5	Fisic agus Ceimic	1
Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil		Gnó	2

Staidéar Gnó	3	Grafaic Dhearaidh agus Cumarsáide	3
Stair	10	Innealtóireacht	2
Teicneolaíocht	2	Líníocht Theicniúil	2
Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad)	1	Matamaitic	7
Tíreolaíocht	8	Staidéar Foirgníochta	2
		Stair	7
		Teicneolaíocht	
		Tíreolaíocht	7

7.3 TEANGA TEAGAISIC DO CHUID ÁBHAIR

Iarradh ar na múinteoirí cur síos a dhéanamh ar an meán teagasc atá acu do na hábhair éagsúla atá á dteagasc acu don Teastas Sóisearach agus don Ardteistiméireacht. Léiríonn an tábla thíos, Tábla 7.2, go ndúirt formhór mór na múinteoirí gur *go hiomlán trí Ghaeilge* atá siad ag teagasc a gcuid ábhar (ábhar 1 agus 2). Dúirt 85% de na múinteoirí go bhfuil siad ag teagasc ábhar 1 *go hiomlán trí Ghaeilge*, 12% a dúirt gur meascán *Gaeilge agus Béarla atá i gceist le níos mó Gaeilge* agus 3% a dúirt gur meascán *de Ghaeilge agus Béarla a bhí i gceist le níos mó Béarla*. Maidir leis an dara hábhar atá á theagasc ag múinteoirí don Teastas Sóisearach, dúirt 86% go rabhadar ag teagasc an ábhair seo *go hiomlán trí Ghaeilge* agus dúirt an 14% eile go rabhadar ag teagasc an ábhair seo *trí mheascán Gaeilge agus Béarla le níos mó Gaeilge ná Béarla* in úsáid.

TÁBLA 7.2: TEANGA TEAGAISIC DO CHUID ÁBHAIR

6(a) Maidir leis na hábhair atá á dteagasc agat don Teastas Sóisireach cé acu de na roghanna seo is gairde don mheán teagaisic atá á chleachtadh agat?	Ábhar 1 (n=34)	Ábhar 2 (n=21)
Go hiomlán trí Ghaeilge	85%	86%
Trí Mheascán Gaeilge agus Béarla, le níos mó Gaeilge	12%	14%
50% Gaeilge agus 50% Béarla	0	0
Meascán Gaeilge agus Béarla le níos mó Béarla	38%	0
Trí Bhéarla go hiomlán	0	0


6(b) Maidir leis na hábhair atá á dteagasc agat don Ardteistiméireacht , cé acu de na roghanna seo is gairde don mheán teagaisic atá á chleachtadh agat?	Ábhar 1 (n=30)	Ábhar 2 (n=20)
Go hiomlán trí Ghaeilge	63%	55%
Trí Mheascán Gaeilge agus Béarla, le níos mó Gaeilge	33%	40%
50% Gaeilge agus 50% Béarla	3%	5%
Meascán Gaeilge agus Béarla le níos mó Béarla	0	0
Trí Bhéarla go hiomlán	0	0

I gcás na n-ábhar atá á dteagasc ag na múinteoirí don Ardteistiméireacht, is céatadán níos ísle de na múinteoirí ná mar a bhí i gceist i gcás an Teastais Shóisearaigh atá á dhéanamh *go hiomlán trí Ghaeilge*, cé go bhfuil os cionn leath acu ag teagasc a gcuid ábhar don Ardteistiméireacht go hiomlán trí Ghaeilge. Is 63% a dúirt go rabhadar ag teagasc ábhar 1 *go hiomlán trí Ghaeilge*, 33% a dúirt go rabhadar á theagasc *trí mheascán Gaeilge agus Béarla le níos mó Gaeilge ná Béarla* agus 3% a dúirt go rabhadar ag teagasc an ábhair seo 50% trí Ghaeilge agus 50% trí Bhéarla. Maidir leis an dara hábhar don Ardteistiméireacht is 55% a dúirt go rabhadar á theagasc *go hiomlán trí Ghaeilge*, 40% a dúirt go bhfuil siad ag teagasc *trí mheascán Gaeilge agus Béarla le níos mó Gaeilge* agus is 5% a dúirt go rabhadar ag teagasc an ábhair seo leath trí Ghaeilge agus leath trí Bhéarla.

7.4 CUMAS GAEILGE NA MÚINTEOIRÍ

Iarradh ar na múinteoirí cur síos a dhéanamh orthu féin mar chainteoirí líofa Gaeilge, Cainteoirí maithe Gaeilge, cainteoirí measartha Gaeilge, ar bheagán Gaeilge nó gan aon Ghaeilge. Dúirt 19 múinteoir (51%) gur cainteoirí líofa Gaeilge a bhí iontu, dúirt 17 eile (46%) gur cainteoirí maithe Gaeilge a bhí iontu agus is múinteoir amháin a dúirt gur Gaeilge mheasartha a bhí acu. Ní dúirt aon mhúinteoir go rabhadar ar bheagán Gaeilge nó gan aon Ghaeilge a bheith acu.


LÉARÁID 7.4: CUMAS GAEILGE NA MÚINTEOIRÍ



7.5 CONAS A BHRAITHEANN NA MÚINTEOIRÍ FAOIN TEAGASC TRÍ GHAEILGE

Nuair a fiafraíodh de na múinteoirí cé chomh compórdach agus a bhíodar ag teagasc a gcuid ábhar trí Ghaeilge, léirigh a bhformhór acu (29 múinteoir nó 78% acu) go rabhadar an-chompordach ag teagasc trí Ghaeilge agus dúirt 5 múinteoirí (14%) eile go rabhadar compordach ag teagasc trí Ghaeilge. Dúirt 2 (5%) nár chuir sé isteach ná amach orthu a bheith ag teagasc trí Ghaeilge agus ní dúirt aon mhúinteoir go rabhadar míchompordach in aon slí ag teagasc trí Ghaeilge.

LÉARÁID 7.5: CONAS A BHRAITHEANN MÚINTEOIRÍ FAOIN TEAGASC TRÍ GHAEILGE




7.6 AG TEAGASC TRÍ GHAEILGE I GCOMPARÁID LE TEAGASC TRÍ BHÉARLA

Cuireadh ceist ar mhúinteoirí comparáid a dhéanamh idir teagasc a gcuid ábhar trí Ghaeilge agus trí Bhéarla, má bhí an taithí riamh acu a bheith ag teagasc a gcuid ábhar trí Bhéarla. Ní dúirt aon mhúinteoir go raibh sé *i bhfad níos deacra a bheith ag teagasc trí Ghaeilge* ach dúirt 6 múinteoirí (16% acu) go raibh sé *níos deacra* dóibh a bheith ag teagasc trí Ghaeilge ná trí Bhéarla. Ach ba é an freagra ba choitianta a bhí ag múinteoirí ar an gceist seo ná *gur mar a chéile dóibh a bheith ag teagasc a gcuid ábhar trí Ghaeilge nó trí Bhéarla* (is 16 mhúinteoir, nó 43% acu a roghnaigh an freagra sin). Dúirt 3 múinteoirí (8%) go raibh sé *níos deacra a gcuid ábhar a theagasc trí Bhéarla* agus dúirt

22% (8 múinteoirí) nár theagascaíodar a gcuid ábhar trí Bhéarla riamh. Bhí 4 múinteoirí eile (11%) nár fhreagair an cheist seo, mar a fheictear thíos i Léaráid 7.6.


LÉARÁID 7.6: AG TEAGASC TRÍ GHAELGE VS AG TEAGASC TRÍ BHÉARLA



7.7 NA DEACRACHTAÍ A BHÍONN AG MÚINTEOIRÍ A BHÍONN AG TEAGASC TRÍ GHAELGE

Iarradh ar na múinteoirí an mbíonn deacrachtaí acu le gnéithe áirithe den teagasc trí Ghaeilge, ar nós cumas a gcuid Gaeilge labhartha/scríofa/léitheoireachta Gaeilge féin, nó cumas labhartha/scríofa léitheoireachta Gaeilge na ndaltaí, nó deacracht le heaspa áiseanna teagaisc oiriúnacha dá gcuid ábhair trí Ghaeilge nó deacracht leis an téarmaíocht Ghaeilge sna téacsleabhair Ghaeilge. D'eascair an cheist seo as plé a deineadh leis na múinteoirí. Tá freagra na ceiste seo le feiceáil i Léaráid 7.7 thíos.

LÉARÁID 7.7: DEACRACHT LE GNÉITHE DON TEAGASC TRÍ GHAeilGE



Is léir nach bhfuil fadhb nó deacracht ag formhór na múinteoirí lena gcumas labhartha sa Ghaeilge (89% acu nó 33 múinteoir) ná lena gcumas léitheoireachta sa Ghaeilge (86% nó 32 múinteoir a dúirt nach raibh aon deacracht acu leis an ngné seo). Maidir lena gcumas scríofa sa Ghaeilge áfach, léirigh 44% de na múinteoirí (16 acu) go mbíonn roinnt deacrachta acu leis an ngné seo.

Ó thaobh chumas Gaeilge na ndaltaí de, is léir go gcruthaíonn sé seo roinnt deacrachta do chéatadán suntasach de na múinteoirí agus iad ag teagasc trí Ghaeilge. Dúirt 38% de mhúinteoirí (14 acu) go mbíonn roinnt deacrachta acu le cumas Gaeilge labhartha na ndaltaí agus arís dúirt 38% acu go mbíonn deacracht acu leis an gcumas scríofa atá ag na daltaí sa Ghaeilge agus 16% eile (6 múinteoirí) a dúirt go raibh a lán deacrachta acu leis an ngné seo. Ach dúirt tuairim is leath na múinteoirí nach raibh aon deacracht acu le cumas labhartha nó scríofa Gaeilge a bhí ag na daltaí. Maidir le cumas léitheoireachta na ndaltaí sa Ghaeilge, dúirt leath na múinteoirí (51%) go raibh roinnt deacrachta acu leis seo, dúirt 43% (16 múinteoirí) nach raibh aon deacracht acu leis seo agus is 2 mhúinteoirí (6%) a dúirt go raibh a lán deacrachta acu leis.

As na gnéithe ar fad a luadh sa cheist seo, is iad *Easpa Áiseanna Teagaisc oiriúnach don ábhar trí Ghaeilge* agus *An téarmaíocht Ghaeilge a bheith róchasta sna téacsleabhair an*

dá ghné is mó a chothaíonn deacracht do na múinteoirí. Léirigh formhór na múinteoirí (87% agus 81% faoi seach) go mbíonn *a lán* nó *roinnt deacrachta* acu leis an dá ghné seo.

7.8 TUARIMÍ NÍOS LEITHNE AR AN TEAGASC TRÍ GHAELGE

Cuireadh roinnt ráitis os comhair na múinteoirí chun a dtuairimí níos leithne a fháil ar ghnéithe a thacódh leo i dtaca lena gcuid ábhar a theagasc trí Ghaeilge. Baineann formhór na ráiteas lena gcuid tuairimí ar na háiseanna teagaisc atá ann dóibh dá gcuid ábhar trí Ghaeilge.

Is léir ón dTábla thíos, Tábla 6.2, go bhfuil múinteoirí míshásta leis an soláthar d'áiseanna teagaisc trí Ghaeilge atá ann agus go mba bhreá leo dá mbeadh a thuilleadh áiseanna teagaisc ar fáil. Feictear ráta an-ard aontais don ráiteas “Tá ganntanas áiseanna teagaisc oiriúnacha do m’ábhar trí Ghaeilge” agus arís don ráiteas “Is cóir níos mó airgid a chaitheamh le téacsleabhair i nGaeilge a chur ar fáil do scoileanna Gaeltachta”.

Feictear ráta an-ard easaontais do na ráitis “Tá dóthain áiseanna teagaisc ar fáil do m’ábhar trí Ghaeilge agus arís don ráiteas “Tá dóthain téacsleabhair Ghaeilge ar fáil do scoileanna Gaeltachta”.

Maidir leis na ráitis a éilíonn tuairimí na múinteoirí ar chaighdeán na n-áiseanna atá ann, is léir go bhfuil roinnt míshástachta ann maidir leis an gcaighdeán. Deir 68% de na múinteoirí go n-aontaíonn siad go mór, nó go n-aontaíonn siad leis an ráiteas, go bhfuil “an téarmaíocht Ghaeilge róchasta sna téacsleabhair Ghaeilge” agus dúirt os cionn leath na múinteoirí go n-aontaíonn siad go mór, nó go n-aontaíonn siad, nach bhfuil “dóthain comhtháiteachta idir an Ghaeilge sna páipéir scrúduithe agus an Ghaeilge sna téacsleabhair”.

Maidir leis an ráiteas “Tá na téacsleabhair Ghaeilge atá ar fáil do na hábhair éagsúla (gan an t-ábhar Gaeilge san áireamh) oiriúnach do na cúrsaí atá i gceist, feictear ráta easaontais cuíosach ard (46% a dúirt go n-easaontaíonn siad leis seo go mór, nó go n-

easaontaíonn siad leis) ach bhí 38% de na múinteoirí a d'aontaigh go mór nó a d'aontaigh leis an ráiteas seo.

In ainneoin na míshástachtaí a léirigh na múinteoirí i leith ghnéithe de sholáthar agus caighdeán na n-áiseanna teagaisc, feictear thíos go mb'fhearr leis na múinteoirí a bheith ag úsáid téacsleabhair Ghaeilge seachas téacsleabhair Bhéarla. Tá ráta ard aontais le feiceáil thíos don ráiteas "Is fearr liom a bheith ag úsáid téacsleabhair Ghaeilge ná téacsleabhair atá i mBéarla" agus ráta ard easaontais don ráiteas "Is fearr liom a bheith ag úsáid téacsleabhair Bhéarla ná téacsleabhair atá i nGaeilge".

Spéisiúil go leor bhí ráta íseal a dhóthain aontais leis an ráiteas "Níl dóthain oiliúna/traenála factha agam mo chuid ábhar a mhúineadh trí Ghaeilge" (27% a d'aontaigh go mór, nó a d'aontaigh leis seo) mar nuair a cuireadh ceist eile ar na múinteoirí níos déanaí sa cheistneoir (féach 7.13 thíos), léirigh céatadán suntasach múinteoirí (41%) go mba bhreá leo níos mó oiliúna/traenála chun a gcuid ábhar a theagasc trí Ghaeilge.

Bhí dhá ráiteas sa cheist seo maidir le fonn na múinteoirí a bheith ag bualadh agus ag obair le múinteoirí eile a theagascann a gcuid ábhar trí Ghaeilge agus ba léir go bhfáilteodh formhór na múinteoirí go mór lena leithéid. Feictear ráta aontais ard thíos (68%) don ráiteas "Bheadh sé go maith níos mó deiseanna a fháil bualadh le múinteoirí eile ó scoileanna eile atá ag teagasc trí Ghaeilge" agus arís don ráiteas "Bheadh suim agam oibriú i gcomhar le múinteoirí eile a mhúineann an t-ábhar céanna i scoileanna eile chun áiseanna teagaisc a fhorbairt" (73% a d'aontaigh go mór, nó a d'aontaigh leis an ráiteas seo).


TÁBLA 7:3 RÁITIS AR THUAIMÍ NÍOS LEITHNE AR AN TEAGASC TRÍ GHAEILGE

Léirigh do thuairim faoi na ráitis seo a leanas (Cuir \sqrt sa bhosca cúí i ngach cás)	Aontaím go mór	Aontaím	Is Cuma liom	Easaontaím	Easaontaím go mór	Gan fhreagra
Níl dóthain oiliúna/traenála factha agam chun mo chuid ábhar a mhúineadh trí Ghaeilge	3 (8%)	7 (19%)	10 (27%)	10 (27%)	5 (14%)	2 (5%)
Tá ganntanas áiseanna teagaisc oiriúnacha do m'ábhar trí Ghaeilge	25 (67%)	10 (27%)	1 (3%)		1 (3%)	
Tá an téarmaíocht Ghaeilge róchasta sna téacsleabhair Ghaeilge	10 (27%)	15 (41%)	3 (8%)	4 (10%)	5 (14%)	
Is fearr liom a bheith ag úsáid téacsleabhair Ghaeilge ná téacsleabhair atá i mBéarla	9 (24%)	16 (43%)	6 (16%)	2 (7%)	4 (10%)	
Níl dóthain comhtháiteachta idir an Ghaeilge sna páipéir scrúduithe agus an Ghaeilge sna téacsleabhair	3 (8%)	17 (46%)	6 (16%)	6 (16%)	2 (6%)	3 (8%)
Bheadh sé go maith níos mó deiseanna a fháil bualadh le múinteoirí eile ó scoileanna eile atá ag teagasc trí Ghaeilge	6 (16%)	19 (52%)	8 (22%)			4 (10%)
Tá dóthain áiseanna teagaisc ar fáil do m'ábhar trí Ghaeilge	2 (6%)	3 (8%)	4 (10%)	20 (54%)	6 (16%)	2 (6%)
Tá dóthain téacsleabhair Ghaeilge ar fáil do scoileanna Gaeltachta	1 (3%)	3 (8%)	2 (7%)	11 (28%)	20 (54%)	
Tá na téacsleabhair Ghaeilge atá ar fáil do na hábhair eágsúla (gan an t-ábhar Gaeilge san áireamh) oiriúnach do na cúrsaí atá i gceist	2 (6%)	12 (32%)	6 (16%)	15 (40%)	2 (6%)	
Is cóir níos mó airgid a chaitheamh le téacsleabhair i nGaeilge a chur ar fáil do scoileanna Gaeltachta	22 (59%)	14 (38%)	1 (3%)			
Is fearr liom a bheith ag úsáid téacsleabhair Bhéarla ná téacsleabhair atá i nGaeilge	1 (3%)	3 (8%)	4 (10%)	19 (52%)	10 (27%)	
Bheadh suim agam oibriú i gcomhar le múinteoirí eile a mhúineann an t-ábhar céanna i scoileanna eile chun áiseanna teagaisc a fhorbairt	10 (27%)	17 (46%)	6 (16%)	2 (8%)		1 (3%)

7.9 TÁBHACHT OBAIR BHAILE AGUS SCRÚDUITHE TRÍ GHAEILGE

Fiafraíodh de na múinteoirí cé chomh tábhachtach agus atá sé, dar leo, don teagasc trí Ghaeilge go mbeadh an obair bhaile agus na scrúduithe á ndéanamh ag na daltaí trí Ghaeilge nuair a bhíonn siad ag scoil Ghaeltachta/lán-Ghaeilge. Taispeánann Léaráid 7.8 thíos go gceapann 92% de na múinteoirí a ghlac páirt sa suirbhé go bhfuil an-tábhacht ag baint le hobair bhaile/scrúduithe trí Ghaeilge mar chuid den teagasc trí Ghaeilge. Dúirt 34 múinteoir (92% acu) go raibh sé an-tábhachtach go mbeadh na daltaí ag déanamh obair bhaile agus scrúduithe trí Ghaeilge agus dúirt an 8% eile (3 múinteoirí) go raibh sé seo tábhachtach. Ní dúirt aon mhúinteoir go raibh sé seo cuíosach tábhachtach nó nach raibh sé tábhachtach in aon chor.

LÉARÁID 7.8: TÁBHACHT OBAIR BHAILE AGUS SCRÚDUITHE TRÍ GHAEILGE




7.10 ÁBALTACHT NA NDALTAÍ DON TEAGASC TRÍ GHAEILGE

Ceistíodh na múinteoirí faoi ábaltacht na ndaltaí don teagasc trí Ghaeilge. Cheap 21 múinteoir (57%) go raibh na daltaí an-ábaltach don teagasc trí Ghaeilge, dúirt 14 eile (38%) go raibh na daltaí ábalta don teagasc trí Ghaeilge agus dúirt 2 mhúinteoirí (5%) go raibh

deacracht ag na daltaí a gcuid ábhar a dhéanamh trí Ghaeilge. Ní dúirt aon mhúinteoir go raibh an-deacracht acu leis. Taispeántar an t-eolas seo i Léaráid 7.9 thíos.


LÉARÁID 7.9: ÁBALTACHT NA NDALTAÍ DON TEAGASC TRÍ GHAEILGE



7.11 SÁSTACHT NA NDALTAÍ LEIS AN OIDEACHAS TRÍ GHAEILGE

Iarradh ar na múinteoirí cé chomh sásta agus a bhí na daltaí a gcuid oideachais a fháil trí Ghaeilge. Is léir ón léaráid thíos, Léaráid 7.10, go gceapann formhór mór na múinteoirí go bhfuil na daltaí an-sásta nó sásta a bheith ag fáil a gcuid oideachais trí Ghaeilge. Cheap 16 mhúinteoir (43%) go raibh na daltaí an-sásta, 49% (18 mhúinteoir) go rabhadar sásta, dúirt 2 mhúinteoirí (5%) gur cuma leis na daltaí cén teanga ina bhfaigheann siad a gcuid oideachais, dúirt múinteoir amháin go raibh na daltaí sásta go leor a bheith ag fáil a gcuid oideachais trí Ghaeilge agus ní dúirt aon mhúinteoir go mb'fhearr leis na daltaí a bheith ag fáil a gcuid oideachais trí Bhéarla.

LÉARÁID 7.10: SÁSTACHT NA NDALTAÍ A BHEITH AG FÁIL A GCUID OIDEACHAIS TRÍ GHAeilGE




7.12 TEAGMHÁIL LE MÚINTEOIRÍ EILE ATÁ AG TEAGASC D'ÁBHAR TRÍ GHAeilGE

(a) I DO SCOIL FÉIN

Léiríonn Léaráid 7.11 thíos go mbíonn formhór na múinteoirí i dteagmháil/ag comhoibriú le múinteoirí eile (más ann dóibh), atá ag teagasc a gcuid ábhar trí Ghaeilge, ina gcuid scoileanna féin. Dúirt 75% de na múinteoirí go mbíonn teagmháil rialta acu le múinteoirí atá ag teagasc an ábhair chéanna trí Ghaeilge ina scoil féin, dúirt 3% gur teagmháil anois is arís atá i gceist agus dúirt 3% eile nach mbíonn siad ach i dteagmháil go hannamh le múinteoirí ina scoil féin atá ag teagasc an ábhair chéanna trí Ghaeilge. I gcás an 19% eile de mhúinteoirí níl aon mhúinteoir eile a theagascann an t-ábhar céanna leo ina scoil féin.


LÉARÁID 7.11: TEAGMHÁIL LE MÚINTEOIRÍ EILE ATÁ AG TEAGASC TRÍ GHAEILGE SA SCOIL CHÉANNA



(b) I SCOILEANNA EILE

Iarradh ar na múinteoirí chomh maith cén saghas teagmhála a bhíonn acu le múinteoirí eile a theagascann an t-ábhar céanna trí Ghaeilge i scoileanna eile. Mar is léir ón léaráid thíos, Léaráid 7.12, ní dúirt aon mhúinteoir go mbíonn teagmháil rialta acu le haon mhúinteoir a theagascann an t-ábhar céanna i scoileanna eile, dúirt 30% acu (11 mhúinteoir) go mbíonn teagmháil acu anois is arís le múinteoirí i scoileanna eile, dúirt 40% acu (15 mhúinteoir) go mbíonn teagmháil annamh acu le múinteoirí i scoileanna eile agus dúirt an 30% eile acu (11 mhúinteoir) nach mbíonn aon teagmháil acu le múinteoirí in aon scoil eile a theagascann an t-ábhar trí Ghaeilge.

LÉARÁID 7.12: TEAGMHÁIL LE MÚINTEOIRÍ A THEAGASCANN D'ÁBHAR TRÍ GHAELGE I SCOILEANNA EILE



7.13 CAD A CHABHRÓDH LEIS NA MÚINTEOIRÍ A GCUID ÁBHAR A THEAGASC TRÍ GHAELGE GO HÉIFEACTACH

Iarradh ar na múinteoirí cé acu de na rudaí seo a leanas is mó a chabhródh leo a gcuid ábhar a theagasc go héifeachtach trí Ghaeilge agus iad a chur in ord, 1 an rud is tábhachtaí dóibh agus 8 an rud is lú tábhacht.

- Gaeilge na ndaltaí a bheith níos fearr
- Soláthar níos fearr d áiseanna teagaisc/téacsleabhair Ghaeilge a bheith ann
- Caighdeán níos airde a bheith ar na háiseanna teagaisc/téacsleabhair Ghaeilge atá ann
- Níos mó oiliúna/inseirbhíse do mhúinteoirí don teagasc trí Ghaeilge
- Níos mó tacaíochta ón scoil don teagasc trí Ghaeilge
- Níos mó tacaíochta ó na hinstitiúidí náisiúnta oideachais don teagasc trí Ghaeilge
- Bualadh le múinteoirí eile atá ag teagasc an ábhair chéanna trí Ghaeilge i scoileanna eile

- Níos mó comhtháiteachta maidir leis an téarmaíocht Ghaeilge do mo ábha(i)r
- Eile

As an liosta thuas, is iad *soláthar níos fearr d'áiseanna teagaisc/téacsleabhair Ghaeilge a bheith ann agus caighdeán níos airde a bheith ar na háiseanna teagaisc/téacsleabhair Ghaeilge atá ann*, is mó a chabhródh leo dar le roinnt mhaith múinteoirí. Thug 35 múinteoir (95% acu) uimhir a 1, 2 nó 3 don dá ghné seo.

Ina dhiaidh sin ba léir gur níos mó *oiliúna/inseirbhíse do mhúinteoirí don teagasc trí Ghaeilge* an ghné ba mhó a chabhródh le múinteoirí, thug 15 mhúinteoir (41%) uimhir 1, 2, nó 3 don ghné seo.

Thug 8 múinteoirí (22%) uimhir 1, 2 nó 3 do *Ghaeilge na ndaltaí a bheith níos fearr* agus thug 4 múinteoirí (11%) uimhir a 1 nó 2 do *Mo chumas féin sa Ghaeilge a bheith níos fearr*.

Is 5 múinteoirí (14%) a thug uimhir 1, 2 nó 3 do *Bualadh le múinteoirí eile atá ag teagasc an ábhair chéanna trí Ghaeilge i scoileanna eile*.

5 arís (14%) a thug 1,2 nó 3 do *Níos mó comhtháiteachta maidir leis an téarmaíocht Ghaeilge do m'ábhar*.

7.14 ÁISEANNA TEAGAISC DON TEAGASC TRÍ GHAEILGE

Ar mhaithe le tuairimí na múinteoirí a fháil ar na háiseanna teagaisc/téacsleabhair trí Ghaeilge atá ar fáil dóibh ina gcuid ábhar, cuireadh roinnt ceisteanna orthu i gcuid C den suirbhé a dhírigh ar sholáthar agus ar chaighdeán na dtéacsleabhar agus na háiseanna teagaisc eile atá ar fáil do na múinteoirí trí Ghaeilge. Iarradh ar na múinteoirí cé chomh sásta agus a bhíodar leis na háiseanna teagaisc/téacsleabhar trí Ghaeilge atá ar fáil dá gcuid ábhar don Teastas Sóisearach agus don Ardeistiméireacht. Taispeánann


Léaráid 7.13 thíos conas a bhraitheann na múinteoirí faoin soláthar téacsleabhar don Teastas Sóisearach i gcás dhá ábhar.

I gcás ábhair 1, dúirt 27% nó 10 múinteoirí go rabhadar *sásta* leis an soláthar téacsleabhair/áiseanna teagaisc don ábhar sin trí Ghaeilge (3 múinteoirí Staire, 2 mhúinteoirí Tíreolaíochta, 3 múinteoirí Eolaíochta agus 2 mhúinteoirí Matamaitice a bhí i gceist), dúirt 30% (11 mhúinteoir) go rabhadar *cuíosach sásta* agus dúirt 27% eile nó 10 múinteoirí *nach rabhadar sásta in aon chor* (4 múinteoirí Matamaitice, 2 mhúinteoirí Eacnamaíocht Bhaile, 2 mhúinteoirí Staire, múinteoir amháin Grafaic Theicniúil agus múinteoir amháin Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad) a bhí i gceist). Is 4 (11%) a dúirt go rabhadar an-sásta agus 2 mhúinteoirí (5%) a dúirt nach raibh aon téacsleabhar/áiseanna teagaisc ann trí Ghaeilge ann don ábhar.

Maidir leis an dara hábhar (is 20 múinteoir a d'fhreagair an cheist seo), dúirt 7 múinteoirí (35% acu) nach rabhadar sásta in aon chor leis an soláthar áiseanna/téacsleabhar, dúirt 5 eile (25%) go rabhadar sásta, is 3 múinteoirí (15%) a dúirt go rabhadar cuíosach sásta agus dúirt 4 múinteoirí (20%) nach raibh aon téacsleabhar/áiseanna teagaisc Gaeilge ann don ábhar seo as Gaeilge. Dúirt múinteoir amháin (5%) go raibh sé an-sásta leis an soláthar áiseanna teagaisc trí Ghaeilge don ábhar 2 a bhí aige don Teastas Sóisearach.

LÉARÁID 7.13: SÁSTACHT NA MÚINTEOIRÍ LEIS AN SOLÁTHAR ÁISEANNA TEAGAISC/TÉACSLEABHAIR TRÍ GHAELIGE DON TEASTAS SÓISEARACH

Sástacht leis an soláthar áiseanna teagaisc/téacsleabhair trí Ghaeilge don Teastas Sóisearach




Maidir le cé chomh sásta agus a bhí múinteoirí leis an soláthar áiseanna teagaisc/téacsleabhar don Ardteistiméireacht, is 31 múinteoir a d’fhreagair an cheist seo i gcás Ábhair 1 agus is 13 múinteoir a d’fhreagair an cheist seo i gcás ábhair 2. Arís i gcás na hArdteistiméireachta, feictear leibhéal sástachta íseal go maith i dtaca leis an soláthar áiseanna teagaisc agus níos ísle fós ná mar atá i gcás an Teastais Shóisearaigh.

Maidir le hÁbhar 1, dúirt 42% nó 13 múinteoir go rabhadar cuíosach sásta leis an soláthar áiseanna teagaisc (4 múinteoirí Staire, 2 mhúinteoirí Eacnamaíocht Bhaile, 2 mhúinteoirí Tíreolaíochta, 2 mhúinteoirí Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide agus múinteoir amháin Matamaitice, Gnó agus Ealaíne a bhí i gceist), dúirt 19% (6 múinteoirí) nach rabhadar sásta in aon chor agus dúirt 19% eile (6 múinteoirí) nach raibh aon téacsleabhar/áiseanna teagaisc trí Ghaeilge ar fáil don ábhar a bhí á múineadh acu don Ardteistiméireacht. Is 4 múinteoirí (13%) a dúirt go rabhadar sásta leis an soláthar áiseanna teagaisc trí Ghaeilge (is múinteoir amháin Bitheolaíochta, múinteoir Matamaitice, agus beirt mhúinteoirí Staire a bhí i gceist anseo) agus is beirt mhúinteoirí (6%) a dúirt go rabhadar an-sásta (múinteoir Fisice agus múinteoir Tíreolaíochta a bhí i gceist anseo).

Maidir leis an Ábhar 2 don Ardteistiméireacht (13 mhúinteoir a d’fhreagair an cheist seo), dúirt 2 mhúinteoirí (15%) go rabhadar an-sásta (múinteoir amháin Matamaitice agus

múinteoir amháin Tíreolaíochta a bhí anseo) agus dúirt beirt eile (15%) go rabhadar sásta (2 mhúinteoirí Gnó a bhí anseo). Dúirt 3 go rabhadar cuíosach sásta (23%) (2 mhúinteoirí Matamaitice a bhí anseo mar aon le múinteoir amháin Tíreolaíochta a bhí anseo) agus dúirt múinteoir amháin nach raibh sí sásta in aon chor (múinteoir cuntasaíochta a bhí anseo). Dúirt 5 eile (34%) nach raibh aon soláthar téacsleabhar/áiseanna teagaisc ann trí Ghaeilge in aon chor don Ábhar 2 don Ardteistiméireacht (múinteoirí Foirgníochta, Grafaic Dhearaidh agus Cumarsáide agus Ceimice a bhí i gceist anseo).

LÉARÁID 7.14: SÁSTACHT NA MÚINTEOIRÍ LEIS AN SOLÁTHAR ÁISEANNA TEAGAISC/TEACSLEABHAIR TRÍ GHAEILGE DON ARDTEISTIMÉIREACHT



7.14.1 SÁSTACHT NA MÚINTEOIRÍ LE CAIGHDEÁN NA DTÉACSLEABHAR ATÁ AR FÁIL TRÍ GHAEILGE DON TEASTAS SÓISEARACH AGUS DON ARDTEISTIMÉIREACHT


Léiríonn Léaráid 7.15 thíos, go bhfuil formhór na múinteoirí sásta a dhóthain le caighdeán na dtéacsleabhar trí Ghaeilge atá ann i gcás an Teastais Shóisearaigh agus i gcás na hArdteistiméireachta.

Maidir le caighdeán na dtéacsleabhar atá ann don Teastas Sóisearach, dúirt 46% de na múinteoirí (16 acu) go raibh na téacsleabhair Ghaeilge a bhí ann don ábhar ar chaighdeán

maith (5 múinteoirí Matamaitice, 4 múinteoirí Staire, 3 múinteoirí Eolaíochta, 2 mhúinteoirí Tíreolaíochta, múinteoir amháin Gnó agus múinteoir amháin Oideachas Reiligiúnach a bhí i gceist) , agus dúirt 20% nó 7 múinteoirí go rabhadar ar ardchaighdeán (2 mhúinteoirí Eolaíochta agus múinteoir amháin de na hábhair seo a leanas: Stair, Tíreolaíocht, Matamaitic, Ealaín agus Ceol a bhí i gceist) . Dúirt 6 múinteoirí (17%) go raibh caighdeán sásúil i gceist. Is cúigear múinteoirí (14%) a dúirt go rabhadar ar dhroch-chaighdeán (2 mhúinteoirí Grafaic Theicniúil & Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad), múinteoir amháin Eacnamaíocht Bhaile, múinteoir amháin Tíreolaíocht agus múinteoir amháin Staire a bhí i gceist) agus is múinteoir amháin a dúirt nach raibh aon téacs ann trí Ghaeilge don ábhar.

I gcás na hArdteistiméireachta (34 múinteoir a d'fhreagair an cheist seo), dúirt os cionn leath na múinteoirí (53%) go raibh na téacsleabhair a bhí ar fáil as Gaeilge ar ardchaighdeán nó ar chaighdeán maith (18 múinteoir ar fad). Dúirt 6 eile (18%) go raibh caighdeán sásúil i gceist. Ní dúirt ach múinteoir amháin go raibh na téacsanna a bhí ar fáil ar dhroch-chaighdeán agus is 9 múinteoirí (26%) a dúirt nach raibh aon téacs nó áiseanna ann trí Ghaeilge dá gcuid ábhar (3 múinteoir Bitheolaíochta, 3 múinteoirí Ceimice, múinteoir amháin Cuntasáochta, Staire agus Foirgníochta a bhí i gceist anseo).

LÉARÁID 7.15: CAIGHDEÁN NA DTÉACSLEABHAR DON ÁBHAR TRÍ GHAEILGE DON TEASTAS SÓISEARACH AGUS DON ARDTEISTIMÉIREACHT



7.14.2 CAD IAD NA FADHBANNA ATÁ AG MÚINTEOIRÍ LE CAIGHDEÁN NA DTÉACSLEABHAR

Iarradh ar mhúinteoirí cur síos ar na fadhbanna a bhí acu le caighdeán na dtéacsleabhar, má bhí a leithéid d’fhadhbanna acu. Tugadh rogha dóibh d’aon fhadhb déag a bhaineann le caighdeán na dtéacsleabhar (fadhbanna a d’eascair as plé a bhí ag an taighdeoir leis na múinteoirí le linn na n-agallamh a deineadh leo) agus iarradh orthu tic a chur le pé ceann/cinn is mó a bhí acu. Is iad na fadhbanna a cuireadh os a gcomhair ná:

- An téacsleabhar Gaeilge a bheith as dáta
- Gan an téacsleabhar Gaeilge a bheith chomh tarraingteach leis na téacsleabhair Bhéarla atá ar fáil don ábhar
- Gan an téacsleabhar Gaeilge a bheith ar an gcaighdeán céanna leis na téacsleabhair Bhéarla atá ar fáil don ábhar
- An Ghaeilge sa téacsleabhar a bheith ródheacair dos na daltaí
- An Ghaeilge sa téacsleabhar a bheith ródheacair domsa mar mhúinteoir
- Nach é an rogha téacsleabhar a aistríodh go Gaeilge an rogha is fearr ó thaobh chaighdeán an ábhair de

- Nach bhfuil Gaeilge na ndaltaí maith a dhóthain chun téacsleabhar Gaeilge a úsáid
- Nach bhfuil mo chuid Gaeilge féin maith a dhóthain chun téacsleabhar Gaeilge a úsáid
- Nach bhfuil taithí againn sa rang ar a bheith ag úsáid téacsleabhair Ghaeilge
- Níl aon deacracht agam le caighdeán na dtéacsleabhar Gaeilge do m'ábhar
- Níl aon téacsleabhar Gaeilge ann do m'ábhar

As an liosta thuas, is é *An Ghaeilge sa téacsleabhar a bheith ródheacair dos na daltaí* an rogha is coitianta a bhí ag múinteoirí, is geall leis leath na múinteoirí (17 acu nó 46%) a léirigh gur b'shin an deacracht a bhí acu le caighdeán na dtéacsleabhar. Le linn na n-agallamh leis na múinteoirí labhraíodh faoin bhfadhb seo chomh maith, formhór na múinteoirí a luaigh an fhadhb seo is ag tagairt don téarmaíocht Ghaeilge a bheith casta a bhí siad ach bhí cúpla múinteoir a dúirt gurb é an tslí a raibh na habairtí agus an stíl scríbhneoireachta sna téacsleabhair Ghaeilge dá gcuid ábhar a bhí deacair agus casta.

Ina dhiaidh sin is *An téacsleabhar Gaeilge a bheith as dáta* an dara fadhb ba mhó a bhí ag múinteoirí le caighdeán na dtéacsleabhar. Is 16 mhúinteoir (43% acu) a chur tic leis an rogha sin.

Dearbhaíodh pointe a tháinig chun solais le linn na n-agallamh leis na múinteoirí arís sa cheist seo. Labhair roinnt múinteoirí leis an taighdeoir faoin rogha téacsleabhar a aistríodh go Gaeilge dá n-ábhar, ag cur in iúl nach é an téacsleabhar is fearr a aistríodh dar leo. Tháinig sé seo chun cinn arís anseo, sin an tríú fadhb is coitianta a bhí ag na múinteoirí le caighdeán na dtéacsleabhar – chuir an tríú cuid acu (12 múinteoir nó 33%) tic leis an rogha seo.

Dúirt 11 múinteoir nach raibh an téacsleabhar Gaeilge ar an gcaighdeán céanna leis na téacsleabhair Bhéarla atá ar fáil don ábhar (múinteoirí Staire, Matamaitice, agus Eacnamaíocht Bhaile a bhí i gceist anseo) is 10 múinteoirí a dúirt nach raibh an téacsleabhar Gaeilge chomh tarraingteach leis na téacsleabhair Bhéarla.


Is cúigear múinteoirí nó níos lú a chuir tic leis na roghanna eile a tugadh thuas.

7.15 TÁBHACHT LE TÉACSLEABHAIR GHAeilGE SEACHAS TÉACSLEABHAIR I MBÉARLA

Iarradh ar na múinteoirí cé chomh tábhachtach agus a bhí sé, dar leo, gur téacsleabhair Ghaeilge, seachas téacsleabhair Bhéarla, a bheadh in úsáid acu sa seomra ranga agus iad ag teagasc trí Ghaeilge. Léiríonn Léaráid 7.16 thíos conas mar a fhreagraíodar an cheist seo.

Dúirt 28 múinteoir (76%) acu go raibh sé an-tábhachtach téacsleabhar Gaeilge a úsáid agus dúirt 6 eile (16%) go raibh sé tábhachtach. Is beirt mhúinteoirí (5%) a dúirt go raibh sé cuíosach tábhachtach, ní dúirt aon mhúinteoir nach raibh sé chomh tábhachtach sin agus is múinteoir amháin (3%) a dúirt nach raibh sé tábhachtach in aon chor – gur féidir múineadh trí Ghaeilge go héifeachtach ag úsáid téacsleabhar Béarla.

**LÉARÁID 7.16: TÁBHACHT TÉACSLEABHAR GAEILGE IN IONAD TÉACSLEABHAR
BÉARLA SA TSEOMRA RANGA (N=37)**




7.16 MÁ BHÍONN TÉACSLEABHAR GAEILGE IN ÚSÁID, AN MBÍONN CÓIP DEN TÉACSLEABHAR BÉARLA AG NA DALTAÍ

Cuireadh suim san úsáid a bhaineann múinteoirí agus daltaí as an leagan Béarla den téacs sa chás agus go n-úsáideann an múinteoir téacsleabhar Gaeilge sa seomra ranga. Fiafaíodh de na múinteoirí an mbíonn an leagan Béarla den téacsleabhar ag na daltaí chomh maith.

Taispeánann an léaráid seo, Léaráid 7.17, nach mbíonn an téacsleabhar Béarla ag daltaí in aon chor sa chás agus go mbíonn téacs Gaeilge in úsáid ag an múinteoir dar le 58% de na múinteoirí. I gcás 9% de na múinteoirí (3 múinteoirí), deir siad go mbíonn an téacsleabhar Béarla ag na daltaí go léir, deir beirt mhúinteoirí (6%) go mbíonn an téacsleabhar Béarla ag formhór na ndaltaí, deir 15% (5 múinteoirí) go mbíonn an téacsleabhar Béarla ag cuid de na daltaí agus is 12% (4 múinteoirí) a dúirt nach mbíonn an téacsleabhar Béarla ag mórán de na daltaí.


LÉARÁID 7.17: AN MBÍONN CÓIP DEN TÉACSLÉABHAR BÉARLA AG NA DALTAÍ CHOMH MAITH (N=34)



7.17 TÁBHACHT LEAGAN BÉARLA AN TÉACS DO NA DALTAÍ

Cuireadh ceist ar na múinteoirí cé chomh tábhachtach agus a bhí sé do na daltaí leagan Béarla den téacsleabhar Gaeilge a bheith acu sa chás agus go raibh an leagan Gaeilge in úsáid sa seomra ranga. Mar a fheictear thíos (Léaráid 7.18), cheap formhór na múinteoirí (73% acu) nach raibh sé tábhachtach nó nach raibh sé tábhachtach in aon chor – gur cheart nach n-úsáidfidís ach an leagan Gaeilge den téacsleabhar. Múinteoir amháin (3%) a cheap go raibh sé seo an-tábhachtach go mbeadh an leagan Béarla acu agus bhí beirt mhúinteoirí (7%) a cheap go raibh sé seo tábhachtach. Is cúigear múinteoirí (17%) a cheap go raibh sé seo cuíosach tábhachtach.

LÉARÁID 7.18: TÁBHACHT LEAGAN BÉARLA AN TÉACS (N=30)



6.18.1 ÁISEANNA TEAGAISIC BREISE TRÍ GHAeilGE SOLÁTHAR – AN BHFUIL SIAD AR FÁIL DON ÁBHAR


Dhírigh ceist 25 agus 26 sa suirbhé ar an soláthar d’áiseanna teagaisic bhreise trí Ghaeilge seachas na téacsleabhair Ghaeilge atá ar fáil do na múinteoirí dá gcuid ábhar don Teastas Sóisearach agus don Ardeistiméireacht. Iarradh ar na múinteoirí an raibh leabhair shaothair, áiseanna teicneolaíochta (ar nós DVDanna, áiseanna don chlár bán, don ríomhaire srl) agus áiseanna don obair phraiticiúil a bhaineann lena gcuid ábhar (ar nós turgnaimh eolaíochta, áiseanna do thionscnaimh srl) ar fáil dóibh. Taispeánann Léaráid 7.19 thíos cén freagra a thug na múinteoirí ar an gceist seo i gcás an Teastais Shóisearaigh agus Léaráid 7.20 cad a dúradar i gcás na n-ábhar don Ardeistiméireacht.

Maidir le hÁbhar 1 i gcás an Teastais Shóisearaigh (Léaráid 7.19), dúirt 10 múinteoirí (33%) go raibh leabhair shaothair ar fáil trí Ghaeilge (4 múinteoirí Eolaíochta, 2 mhúinteoirí adhmaadóireachta, 2 mhúinteoirí Tíreolaíochta, múinteoir amháin Staire agus múinteoir amháin Oideachas Reiligiúnach a bhí i gceist) ach dúirt 20 eile nach raibh (66%), dúirt 13 (52%) múinteoirí go raibh áiseanna teicneolaíochta ar fáil (4 múinteoirí

Tíreolaíochta, 2 mhúinteoirí Staire, 3 múinteoirí Eolaíochta agus 4 múinteoirí Matamaitice a bhí i gceist) agus i gcás 12 mhúinteoir eile (48%) níl na háiseanna seo ar fáil dóibh dá gcuid ábhar 1, agus maidir le háiseanna don obair phraiticiúil ar bheith ar fáil don ábhar 1 trí Ghaeilge is 50% (8 múinteoirí – múinteoirí Eolaíochta agus Tíreolaíochta agus Eacnamaíocht Bhaile a bhí i gceist anseo) a dúirt go rabhadar ar fáil agus 50% (8 eile) a dúirt nach raibh.

Maidir leis an ábhar 2 don Teastas Sóisearach, dúirt 9 múinteoirí (60%) go raibh leabhair shaothair ar fáil agus 6 eile (40%) nach raibh, dúirt 3 múinteoirí (21%) go raibh áiseanna teicneolaíochta ar fáil agus dúirt 11 eile (79%) nach raibh, agus i gcás na n-áiseanna don obair phraiticiúil is múinteoir amháin (17%) a dúirt go raibh na háiseanna seo ar fáil dá ábhar trí Ghaeilge ach dúirt 5 múinteoirí eile (83%) nach raibh.

LÉARÁID 7.19: AN BHFUIL ÁISEANNA BREISE ANN DO D'ÁBHAR TRÍ GHAEILGE DON TEASTAS SÓISEARACH




Maidir leis na háiseanna breise seo i gcás na hArdteistiméireachta, léiríonn Léaráid 7.20 thíos an ganntanas atá ann maidir leis na háiseanna breise seo trí Ghaeilge don Ardteistiméireacht.

I gcás Ábhar 1, dúirt 6 múniteoirí go raibh leabhair shaothair ar fáil trí Ghaeilge (múniteoirí Eacnamaíocht Bhaile agus Tíreolaíochta a bhí i gceist) ach dúirt 16 nach raibh, dúirt 16 mhúniteoir go raibh áiseanna teicneolaíochta ar fáil agus dúirt 13 eile nach rabhadar seo ar fáil dá gcuid ábhar trí Ghaeilge agus i dtaca le háiseanna don obair phraicticiúil dúirt 3 múniteoirí go raibh a leithéid ar fáil trí Ghaeilge dóibh ach is 13 a dúirt nach raibh.

I gcás Ábhar 2, dúirt múniteoir amháin go raibh leabhair shaothair ann trí Ghaeilge ach is 7 a dúirt nach raibh, dúirt 3 go raibh áiseanna teicneolaíochta ar fáil trí Ghaeilge agus is 4 múniteoirí a dúirt nach raibh, ach i gcás áiseanna praiticiúla is múniteoir amháin a dúirt go raibh a leithéid d'áiseanna ar fáil dóibh trí Ghaeilge agus beirt a dúirt nach raibh.

LÉARÁID 7.20: AN BHFUIL NA HÁISEANNA TEAGAISC BREISE SEO ANN DO D'ÁBHAIR TRÍ GHAELIGE DON ARDTEISTIMÉIREACHT



7.18.2 ÁISEANNA TEAGAISC BREISE TRÍ GHAELIGE - CAIGHDEÁN NA N-ÁISEANNA ATÁ ANN

Léiríonn Léaráid 7.21 thíos, leibhéal sástachta na múniteoirí le caighdeán na n-áiseanna breise seo trí Ghaeilge sa chás agus go raibh a leithéid ar fáil dóibh dá gcuid ábhar trí


Ghailge. Is léir, mar a fheictear thíos, nach raibh ráta sástachta ró-ard i gceist i gcás chaighdeán na n-áiseanna seo.

Maidir leis na leabhair shaothair is *cuíosach sásta* nó *gan a bheith sásta in aon chor* an rogha is coitianta a rinne na múinteoirí (12 múinteoir nó 46% a roghnaigh an dá rogha seo),

I gcás na n-áiseanna teicneolaíochta is 2 mhúinteoirí (8%) a dúirt go rabhadar an-sásta leis an gcaighdeán, 5 múinteoirí (20%) a dúirt go rabhadar sásta, 5 eile (20%) a dúirt go rabhadar *cuíosach sásta*, 6 (24%) a dúirt nach rabhadar sásta in aon chor agus 7 (28%) a dúirt nach raibh a leithéid ar fáil.

Maidir leis na háiseanna don obair phraicticiúil, is múinteoir amháin (5%) a dúirt go raibh sí sásta leis an gcaighdeán, 2 (10%) a dúirt go rabhadar sásta, 6 (30%) *cuíosach sásta*, 3 (15%) nach raibh sásta in aon chor agus 8 (40%) a dúirt nach raibh a leithéid d'áiseanna breise ann don ábhar.

LÉARÁID 7.21: SÁSTACHT LE CAIGHDEÁN NA N-ÁISEANNA TEAGAISIC BREISE




7.19 OBAIR I GCOMHPHAIRTÍOCHT LE MÚINTEOIRÍ EILE

I Rannóg D den cheistneoir cuireadh ceisteanna ar na múinteoirí faoin bhfonn a bheadh orthu dul ag obair i gcomhar le múinteoirí eile i dtaca le cruthú/roinnt áiseanna teagaisc don ábhar trí Ghaeilge atá á theagasc acu (ceann de phríomhaidhmeanna an taighde seo ba ea obair i gcomhphairtíocht le múinteoirí eile a spreagadh).

Léiríonn Léaráid 7.22 thíos an fonn a bheadh orthu é seo a dhéanamh. Dúirt 74% (27 múinteoir) go mbeadh suim acu dul ag obair le múinteoirí eile ó scoileanna Gaeltachta/lán-Ghaeilge eile maidir le hábhair/nótaí don ábhar atá á dteagasc acu trí Ghaeilge a chruthú le chéile nó a roinnt. Dúirt 8 múinteoirí (21%) nach mbeadh suim acu é seo a dhéanamh agus dúirt beirt mhúinteoirí eile (5%) go mb'fhéidir go mbeadh suim acu é seo a dhéanamh.

LÉARÁID 7.22: SUIM DUL AG OBAIR LE MÚINTEOIRÍ Ó SCOILEANNA EILE Ó THAOBH CHRUTHÚ ÁBHAR/ÁISEANNA TEAGAISIC NÓ ÁBHAR A ROINNT




7.20 NA HÁISEANNA ATÁ CRUTHAITHE AG MÚINTEOIRÍ IAD FÉIN GO DTÍ SEO

Iarradh ar na múinteoirí cur síos a dhéanamh ar na háiseanna teagaisc a bhí curtha ar fáil acu dá gcuid ábhar trí Ghaeilge cheana féin. Is 32 múinteoir a d'fhreagair an cheist seo. Dúirt 22 acu (69%) go raibh nótaí cuimsitheacha ranga curtha ar fáil acu dá gcuid ábhar, dúirt 14 acu (44%) go raibh aistriúchán déanta acu ar chur i láthair PowerPoint atá ar

shuíomh idirlín don ábhar agus dúirt 12 múinteoir go raibh aistriúchán déanta acu ar phríomhphointí théacsleabhar Béarla. Is 11 múinteoir (34%) a dúirt go raibh áiseanna praiticiúla trí Ghaeilge ullmhaithe acu don ábhar atá á theagasc acu trí Ghaeilge. Dúirt 3 múinteoirí (9%) go raibh leabhar saothar cruthaithe acu don ábhar trí Ghaeilge.

LÉARÁID 7.23: NA HÁISEANNA TEAGAIS ATÁ CRUTHAITHE AG MÚINTEOIRÍ IAD FÉIN



7.21 LIOSTA/FARDAL NA NÁISEANNA ATÁ AG NA MÚINTEOIRÍ ATÁ SIAD SÁSTA A ROINNT

Thug ceist 30 sa cheistneoir deis do mhúinteoirí liostáil a dhéanamh ar na háiseanna/nótaí ranga atá cruthaithe acu iad féin ar mhaith leo a fhorbairt i gcomhar le COGG agus múinteoirí eile, nó ar mhaith leo a roinnt ar mhúinteoirí eile ar an gcoinníoll go bhfaighidís féin ábhar ar ais. Tugann Tábla 7.4 thíos cuntas ar an liostáil a rinne na múinteoirí a ghlac páirt sa suirbhé seo.

TÁBLA 7:4 LIOSTÁIL AR AN ÁBHAR/NA HÁISEANNA TEAGAISC DO THEAGASC AN ÁBHAIR TRÍ GHAELIGE ATÁ CRUTHAITHE AG NA MÚINTEOIRÍ A GHLAC PÁIRT SA SUIRBHÉ DÁ GCUID ÁBHAR DON TEASTAS SÓISEARACH

Ábhar	Áiseanna
Stair	<ul style="list-style-type: none"> • Cur i láthair PowerPoint ar ghnéithe éagsúla den chúrsa • Ceisteanna/Freagraí Samplacha déanta do na rannóga éagsúla den chúrsa • Nótaí Cuimsitheacha, DVDanna agus áiseanna ríomhaireachta bunaithe ar an gcúrsa
Tíreolaíocht	<ul style="list-style-type: none"> • Nótaí Cuimsitheacha agus Freagraí Samplacha • Nótaí Ranga i PowerPoint
Eolaíocht	<ul style="list-style-type: none"> • Nótaí Cuimsitheacha Ranga bunaithe ar na téascleabhair • PowerPoint aistrithe ón suíomh Junior Science.ie • Téacsleabhar scíofa as Gaeilge agus Leabhar Saothair • 3 Leabhrán scoile curtha le chéile don Eolaíocht don Teastas Sóisearach bunaithe ar nótaí na múinteoirí le blianta anuas
Ealaín	<ul style="list-style-type: none"> • Nótaí Cuimsitheacha Ranga
Eacnamaíocht Bhaile	<ul style="list-style-type: none"> • Roinnt mhaith PowerPoints aistrithe go Gaeilge • Nótaí Cuimsitheacha (leabhrán) achoimire ar an gcúrsa • Téacsleabhar nua scríofa don Teastas Sóisearach
Grafaic Theicniúil	<ul style="list-style-type: none"> • Cnuasach ceisteanna ó iar-scrúduithe, nótaí cuimsitheacha ar PowerPoint

TÁBLA 7:5 LIOSTÁIL AR AN ÁBHAR/NA HÁISEANNA TEAGAISC DO THEAGASC AN ÁBHAIR TRÍ GHAELIGE ATÁ CRUTHAITHE AG NA MÚINTEOIRÍ A GHLAC PÁIRT SA SUIRBHÉ DÁ GCUID ÁBHAR DON ARDTEISTIMÉARACHT

Ábhar	Áiseanna
Stair	<ul style="list-style-type: none"> • Fiseáin/DVDanna agus cur i láthair PowerPoint agus bileoga saothair déanta • Nótaí Cuimsitheacha ar na modúil éagsúla
Tíreolaíocht	<ul style="list-style-type: none"> • PowerPoints bunaithe ar chroíaonad 1, freagraí samplacha ar chroíaonad 1, 2, 5 agus Geo-eiceolaíocht
Gnó	<ul style="list-style-type: none"> • Achoimire den chúrsa ar fad ar “ PowerPoint” le eolas/samplaí atá níos ábhartha sa lá atá inniu ann • Nótaí Cuimsitheacha ar an leabhar Gnó Béarla • Revise Wise (achomire ar an gcúrsa Gnó) aistrithe go Gaeilge • Uasghrádú déanta ar an leabhar Gnó –An Saol Gnó - agus é ar mo ríomhaire
An Cheimic	<ul style="list-style-type: none"> • Nótaí Cuimsitheacha Ranga • Leabhrán leis na Sainmhínte ar fad curtha le chéile
An Fhísic	<ul style="list-style-type: none"> • Leabhar Saothair curtha le chéile as Gaeilge – bileoga oibre srl
An Bhitheolaíocht	<ul style="list-style-type: none"> • Roinnt mhaith PowerPoint aistrithe agus eagraithe ón suíomh SLSS agus roinnt powerpoint o shuíomhanna eile • Póstaeir (timpeall 12) aistrithe ón suíomh SLSS • PowerPoints ón NBSS
An Eolaíocht Thalmhaíoch	<ul style="list-style-type: none"> • Nótaí Cuimsitheacha Ranga
Matamaitic	<ul style="list-style-type: none"> • Cur i láthair PowerPoint

	<ul style="list-style-type: none"> • Nótaí Staidéir ar Word • Nótaí/Ábhar aistrithe atá ag teacht leis an gcúrsa nua - Tionscadal Mata
Eacnamaíocht Bhaile	<ul style="list-style-type: none"> • An chuid is mó de Living Life aistrithe go Gaeilge • PowerPoints ar chúrsa sóisialta agus Eolaíocht Bia
Cuntasaíocht	<ul style="list-style-type: none"> • Treoir ar leagan amach na Scrúduithe • Nótaí maithe Cuntasaíochta don chúrsa go léir
Staidéar Foirgníochta	<ul style="list-style-type: none"> • PowerPoints • Nótaí Cuiimsitheacha agus Taispeántas PPT • Téacsleabhar Béarla – Construction Studies Today, aistrithe go Gaeilge
Grafaic Dhearaidh agus Cumarsáide	<ul style="list-style-type: none"> • PowerPoints • Leabhrán déanta de bhilleoga oibre COGG

7.22 ANAILÍIS AR NA HÁISEANNA AGUS AR THUAIRIMÍ NA MÚINTEOIRÍ DE DÉIR ÁBHAIR DON TEASTAS SÓISEARACH

(1) STAIR

Áiseanna atá ann
<ul style="list-style-type: none"> • Fócas ar an Stair (téacsleabhar) • An Cúrsa Iomlán Staire (téacsleabhar) • Nótaí Staire don Teastas Sóisearach (14 topaic, www.cogg.ie) • Nótaí Staire agus Sleamhnáin le Breandán Ó Dufaigh (www.cogg.ie) • Téarmaí Staire – leabhrán do dhaltaí/múinteoirí - An Coiste Tearmaíochta • Acmhainní logainmneacha – www.logainm.ie • Stair trí Chartlann RTÉ – nasc ar www.cogg.ie
Áiseanna atá ag teastáil dar le múinteoirí/ Tuairimí na Múinteoirí
<p>Deir na múinteoirí go bhfuil gá le háiseanna breise chun Stair a mhúineadh trí Ghaeilge don Teastas Sóisearach. Tá formhór acu i bhfad níos sásta leis <i>An Cúrsa Iomlán Staire</i> mar théacsleabhar seachas <i>Fócas ar an Stair</i> ach cáinteair An Cúrsa Iomlán Staire toisc nach bhfuil aon phictiúir ann ná aon cheisteanna ar na caibidlí agus ceapann roinnt mhaith de na múinteoirí go bhfuil na leabhair Bhéarla i bhfad níos tarraingtí. Moltar go mbeadh níos mó áiseanna oiriúnacha don chlár bán idirghníomhach, go mbeadh níos mó áiseanna idirghníomhacha ann don Stair agus go mbeadh leabhar saothair maith ann.</p>

(2) TÍREOLAÍOCHT

Áiseanna atá ann
<ul style="list-style-type: none"> • Geo – Áistriúchan ar théacsleabhar Béarla (2011) • Nua-Thíreolaíocht – Téacsleabhar agus leabhar Saothair • Léarscáileacha, foclóirí agus leabhráin (An Gúm, An tAontas Eorpach srl) • Áiseanna Ríomhaireachta, teicneolaíochta – Fáisnéiseáin – réimse cláir fáisnéise a craoladh ar RTÉ/TG4, pacáiste foghlama: An tAontas Eorpach, CD-ROM, Eolas faoin oidhreacht, páirceanna náisiúnta ar www.viron.ie
Áiseanna atá ag teastáil dar leis na múinteoirí /Tuairimí na Múinteoirí
<p>Nuair a rinneadh an taighde seo ní raibh an leabhar nua GEO ar fáil. Bhí géarghá lena leithéid dar leis na múinteoirí toisc go raibh an Nua-Thíreolaíocht as dáta. Bhí na múinteoirí ag súil le leabhar nua maith mar bhíodar sásta le caighdeán an téacs nua Tíreolaíochta don Ardeistiméireachta, ach amháin arís go bhfuil gá le háiseanna breise teicneolaíochta, ar nós DVDanna srl chun sampla a thaispeáint do</p>

na daltaí

(3) EOLAÍOCHT

Áiseanna atá ann

- Eolaíocht an TS. An Bhitheolaíocht, An Fhisic agus An Cheimic le Finín Mairtín (téacsleabhar)
- Fíricí Fillte – leabhrán athbhreithnithe don bhitheolaíocht
- Fís na hEolaíochta – DVD ag léiriú gnéithe den siollabas eolaíochta don TS.Cogg/AgTel
- An Teastas Sóisearach: Teimpléid do na Turgnaimh Riachtanacha
- Póstaer ar rialacha saotharlainne – www.cogg.ie
- Acmhainní d'Eolaíocht an TS ó COGG – Fillteán do dhaltai
- Ingenious Ireland – leagan Gaeilge de shuíomh gréasáin idirghníomhach bunaithe ar shiollabas eolaíochta an Teastais Shóisearaigh.

• **Áiseanna atá ag teastáil/Tuairimí na Múinteoirí**

Téacsleabhair Fhinín Mairtín in úsáid fhorleathan a dóthain seachas i scoil amháin go bhfuil a leabhráin fhéin cruthaithe acu don Eolaíocht don Teastas Sóisearach agus i scoil eile bhí a théacsleabhar féin don Eolaíocht TS scríofa ag múinteoir amháin cé nach raibh sé i gcló. Bhí formhór na múinteoirí sásta le leabhair Mhairtín cé go gcaitheann siad cur leo iad féin i bhfoirm nótaí, a dúradar. Ba é an Eolaíocht don Teastas Sóisearach an t-ábhar is mó go raibh múinteoirí sásta leis na háiseanna a bhí ar fáil ag am an taighde seo, cé go raibh an tuairim ag 2 mhúinteoirí go raibh an téacsleabhar as dáta.

(4) MATAMAITIC

Áiseanna atá ann

- Téacs agus Trialacha (1-6) (Téacsleabhar)
- Tionscadal MATA (forlonta anois ar fáil ar shuíomh COGG – ábhar ar fáil don chúrsa nua - Tionscadal Mata)
- Ábhar ar fáil ar www.ncca.ie agus www.projectmaths.ie don chúrsa nua
- Foclóir Mata (An Gúm)
- Leabhráin athbhreithnithe Fíricí Fillte

Áiseanna atá ag teastáil/Tuairimí na Múinteoirí

Go ginearálta bhí múinteoirí Matamaitice an-sásta leis na téacsleabhair Téacs agus Trialacha ach an fhadhb anois go bhfuil cúrsa nua Tionscadal Mata tosnaíthe agus nach raibh na háiseanna Gaeilge aistriútha in am, dar leis na múinteoirí agus bhí sé seo ag cothú deacrachta dar leo. Bhí roinnt mhúinteoirí áfach, a mhínigh go raibh an cúrsa Mata ar fad trína chéile anois ar feadh cúpla bliain go dtí go bhfuil an Tionscadal Mata i bhfeidhm go hiomlán, agus nach le Matamaitic trí Ghaeilge amháin a bhí an deacracht.

(5) EACNAMAÍOCHT BHAILE

Áiseanna atá ann

- Eacnamaíocht Bhaile 2000 (Téacsleabhar agus leabhair chleachtaí)
- A hAon, a Dó agus Trí E-B. Leabhar oiriúnach don chéad bhliain (aisaonad)

- Leabhrán Oidís. www.examcraft.ie
- Léargas ar an Cholainn Dhaonna
- Póstaer, foclóirí agus leabhair oidis eile (www.gaeilge.ie, www.homeeconomics.ie)

- **Áiseanna atá ag teastáil/ Tuairimí na Múinteoirí**

Na múinteoirí Eacnamaíocht Bhaile a ghlac páirt sa taighde bhí siad díomách le laghad na n-áiseanna trí Ghaeilge don Eacnamaíocht Bhaile don Teastas Sóisearach. Bhí an téacsleabhar Gaeilge go hiomlán as dáta dar leo. Bhí an leabhar nua Oidís go maith, áfach dar le formhór na múinteoirí. Bhí na múinteoirí ar fad ag brath ar a gcuid nótaí féin agus ar na háiseanna ar fad a bhí cruthaithe acu féin. Bhí múinteoir amháin tar éis a téacs féin a scríobh agus í ag fiosrú féidearthachtaí foilsitheoireachta ag am an taighde.

6.23 ANAILÍIS AR NA HÁISEANNA AGUS TUAIRIMÍ NA MÚINTEOIRÍ DE DÉIR ÁBHAIR DON ARDTEISTIMÉIREACHT

(1) STAIR

Áiseanna atá ann

- Portráid d'Éirinn. Breandán Ó Dúfaigh (Téacsleabhar)
- Náisiúnstáit agus Teannas Idirnáisiúnta (Téacsleabhar Ardteiste don topaic An Eoraip agus an Domhan Mór)
- Deachtóireacht agus Daonlathas le Seán Delap (Téacsleabhar)
- Súil ar an Stair –DVD. Cnuasach de chlár.
- Hitler agus a Pholasaí Intíre – téacsleabhar (aisaonad.org)
- Nótaí, aistí agus PowerPoints forbartha ag múinteoirí ar shuíomh COGG
- Polasaí Baile Hitler (téacsleabhar aisaonad.org)
- Stair na hÉireann – Ábhair staidéir ar www.cogg.ie)
- Dlíúthdhiosca Acmhainne HIST- dlíúthdhiosca le hábhar tacaíochta do mhúineadh na staire ag leibhéal na hArdteiste.
- Dónal Ó Conaill agus an Náisiúnachas Bunreachtúil (Téacsleabhar, www.aisaonad.org)

- **Áiseanna atá ag teastáil /Tuairimí na Múinteoirí**

In ainneoin méid na n-áiseanna atá liostáilte thuas, dúirt na múinteoirí Staire go raibh an-ghanntanas áiseanna do Stair na hArdteiste toisc nach gclúdaíonn na háiseanna atá ann ach roinnt de na topaicí Staire, agus ansin toisc go n-athraíonn na topaicí gach cúpla bliain cruthaíonn sé sin deacracht chomh maith. Moladh na clár Staire ar TG4 go hard agus dúradh gur áis iontach a bhí iontu agus tacaíocht iontach don Stair trí Ghaeilge. As an 7 múinteoirí Staire (Ardteiste) a ghlac páirt sa taighde seo, bhí 5 acu ag úsáid os cionn 50% d'áiseanna teagaisc Béarla chun Stair a mhúineadh, mar sin ag múineadh trí mheascán Gaeilge agus Béarla. Mhol na múinteoirí staire go mbeadh níos mó áiseanna leictreonacha ar fáil agus cuireadh an-suim in aon chóras a nascfadh múinteoirí agus daltaí le chéile a bhí i mbun staire trí Ghaeilge. Dúradh go mbeadh sé go maith dá mbeadh daltaí ábalta aiste shamplach staire a fheiceáil trí Ghaeilge ar a leithéid de shuíomh idirlín.

(2) TÍREOLAÍOCHT

Áiseanna atá ann

- An Domhan Inniu - téacsleabhar (croí-aonaid 1,2,3)
- Pacáiste Acmhainní Ardteiste – suíomh EPA
- An Forthéamh Domhanda (coiscéim)

Áiseanna atá ag teastáil/ Tuairimí na Múinteoirí

Cheap an 7 múinteoir Tíreolaíochta (Ardteiste) a ghlac páirt sa taighde go raibh an téacsleabhar nua – An Domhan Inniu go maith. An t-aon locht a bhí acu air ná nach gclúdaíonn sé na míreanna ar fad agus go bhfuil an dlúthdhiosca a théann leis as Béarla. Tá gá le háiseanna teicneolaíochta as Gaeilge, le léaráidí, grianghraif, agus dlúthdhioscaí chun an fíor-rud atá á mhúineadh ag an múinteoir a thaispeáint do na daltaí as Gaeilge.

(3)CEIMIC

Áiseanna atá ann

- Fíricí Fille: Leabhrán athbhreithnithe don Ceimic don Ardteistiméireacht
- Cairt Bhalla de Thábla Peiriadach na nDúl. www.cogg.ie

Áiseanna atá ag teastáil /Tuairimí na Múinteoirí

Níl aon téacsleabhar Ceimice as Gaeilge don Ardteist, tá sé seo an-chrua ar na daltaí ach go háirithe a dúirt na múinteoirí. Bíonn siad ag brath ar a gcuid nótaí ranga féin agus téarmaíocht Ghaeilge a thabhairt do na daltaí bunaithe ar an leabhar Béarla. Níl sé seo sásúil dar le roinnt de na múinteoirí mar nach bhfuil dóthain Gaeilge ag aon dalta anois go bhféadfaidís an t-ábhar a chur i láthair go héifeachtach bunaithe ar théarmaíocht a fuair siad sa rang. As an 4 múinteoirí Ceimice a ghlac páirt sa suirbhé, bheadh fíospéis ag 3 acu teacht le chéile agus áiseanna/nótaí srl a roinnt agus áiseanna nua a chruthú, go háirithe dá bhféadfaidís bheith rannpháirteach in aon phróiseas a chruthódh téacsleabhar nua.

(4) FISIC

Áiseanna atá ann

- Fíricí Fille: Leabhrán athbhreithnithe don fhisic don AT
- Fisic don Ré Nua – (Téacsleabhar – aistriúchán ar Real World Physics le Dan O’ Regan, www.gaeilge.ie)

Áiseanna atá ag teastáil/ Tuairimí na Múinteoirí

Níl an téacsleabhar Gaeilge seo ar fáil ach go leictreonach agus bhí sé in úsáid i scoil amháin gan aon téacsleabhar Béarla a bheith á úsáid ina theannta, bhí an triúr múinteoir Fisice eile(scoileanna eile) ag úsáid téacsleabhar Béarla agus ag tabhairt téarmaíocht Ghaeilge amach do na daltaí agus a gcuid nótaí ranga féin (cuid acu bunaithe ar an téacs Gaeilge a bhí ar an idirlíon). Chuir na múinteoirí seo an-fháilte roimh aon smaoineamh comhoibrithe nó teacht le chéile nó d’fháilteoidís go mór roimh fhoilsiú an téacs a bhí ar fáil ar an idirlíon.

(5) BITHEOLAÍOCHT

Áiseanna atá ann

- Leabhráin ar fáil ón tSeirbhís Tacaíochta don Bhitheolaíocht – Téarmaí bitheolaíochta don Chothú. Ceisteanna agus Scrúduithe Samplacha. Crosfhocal agus Staidéar Cainníochtúil ar Éiceachóras: An choillearnach. Súil Siar ar Thurgnaimh Shaotharlainne agus ábhair bainteach leo. Bailiúchán de léaráidí bitheolaíochta lipéadaithe as Gaeilge.
- Foclóir Bitheolaíochta. www.gaeilge.ie
- Fíricí Fille. Leabhrán athbhreithnithe don bhitheolaíocht.
- Téacsleabhar Nua Bitheolaíochta don Ardteistiméireacht.

Áiseanna atá ag teastáil/ Tuairimí na Múinteoirí

Ní raibh an téacsleabhar nua Bitheolaíochta foilsithe agus an taighdeoir i mbun oibre, ná ní raibh fhios ag aon duine den 5 múinteoirí Bitheolaíochta a ghlac páirt sa taighde go raibh leabhar nua ar tí a fhoilsiú. Bhí na múinteoirí sásta leis an méid ábhar a bhí curtha ar fáil ag an tSeirbhís Tacaíochta don

Bhitheolaíocht agus le leithéid na Fíricí Fillte, ach an easpa téacsleabhair an rud is mó a bhí ag dó gearbe ag na múinteoirí. Bhí nótaí an-chuimsitheacha Bitheolaíochta agus PowerPoints ag 3 de na múinteoirí agus bhí an-suim acu in aon fhóram a thabharfadh an deis dóibh bualadh le chéile.

(6) MATAMAITIC

Áiseanna atá ann
<ul style="list-style-type: none">• Téacs agus Trialacha (1-6) (Téacsleabhair don chúrsa Matamaitice mar a bhí)• Forlionsa don chúrsa nua – TIONSCADAL MATA- ar www.cogg.ie• Ábhar ar fáil do Thionscadal Mata ar www.projectmaths.ie
Áiseanna atá ag teastáil/ Tuairimí na Múinteoirí
Mar an gcéanna le Matamaitic thuas don Teastas Sóisearach.

(7) EACNAMAÍOCHT BHAILE

Áiseanna atá ann
<ul style="list-style-type: none">• Beo Beathach Cuid 1• Beo Beathach leabhar Saothair• Beo Beathach Cuid 2
Áiseanna atá ag teastáil/ Tuairimí na Múinteoirí
Is beirt mhúinteoirí Eacnamaíocht Bhaile (Ardteiste) a líon an ceistneoir ach labhair 5 acu leis an taighdeoir. Bhí Beo Beathach in úsáid ag 3 acu ach níor thaitin sé leis an mbeirt eile. Dúirt an 3 múinteoirí a bhí á úsáid go raibh sé cuíosach ach go raibh orthu cur leis go mór lena gcuid nótaí ranga féin.

8. ACHOIMIRE: TÁTAL AR AN EOLAS A BAILÍODH SA SUIRBHÉ

Is múinteoirí óga faoi bhun 40 bliain a bhí i bhformhór na múinteoirí a ghlac páirt sa suirbhé (70%) agus bhí a bhformhór (67%) ag múineadh i scoil Ghaeltachta/lán-Ghaeilge ar feadh 10 mbliana nó níos lú. Múinteoirí na gcroí-ábhar a roghnaíodh don taighde seo (eadhon Stair, Tíreolaíocht, Eolaíocht, Matamaitic, Fisic, Ceimic, agus Bitheolaíocht) a bhí i gceist le formhór na múinteoirí, cé gur ghlac cúpla múinteoir Eacnamaíocht Bhaile, Grafaic Theicniúil, Gnó, Grafaic Dhearaidh agus Cumarsáide, Staidéar Foirgníochta, Innealtóireachta agus Cuntasaíochta páirt sa suirbhé chomh maith.

Is go hiomlán trí Ghaeilge atá formhór mór na múinteoirí (85% i gcás Ábhar 1 agus 86% acu i gcás Ábhar 2) ag teagasc a gcuid ábhar don Teastas Sóisearach. I gcás na n-ábhar atá á dteagasc acu don Ardteistiméireacht, áfach, is céatadán níos ísle de na múinteoirí atá ag teagasc a gcuid ábhar go hiomlán trí Ghaeilge (63% i gcás Ábhar 1 atá ag teagasc go hiomlán trí Ghaeilge agus 55% i gcás Ábhar 2). Ag brath ar an ábhar, is raon idir 36%-45% de na múinteoirí a dúirt go dtéann siad i dtuilleamaí an Bhéarla (*meascán Gaeilge agus Béarla le níos mó Gaeilge nó leath trí Ghaeilge agus leath trí Bhéarla*) agus iad ag teagasc a gcuid ábhar don Ardteistiméireacht. Is iad na múinteoirí is mó a bhí ag dul i dtreo an Bhéarla mar mheán teagasc ná na múinteoirí a bhí ag teagasc ábhair nach raibh aon téacsleabhar Gaeilge ar fáil don ábhar.

Maidir lena gcumas féin sa Ghaeilge, dúirt na múinteoirí ar fad, geall leis, (97% acu) go raibh *Gaeilge líofa* nó *Gaeilge mhaith* acu. Ní raibh ach múinteoir amháin a dúirt go raibh Gaeilge mheasartha aici féin. Ar an iomlán bhí na múinteoirí an-chompordach ag teagasc trí Ghaeilge (78% acu a dúirt go rabhadar an-chompordach agus 14% eile a dúirt go rabhadar compordach). Ní dúirt aon mhúinteoir go rabhadar míchompordach in aon slí ag teagasc trí Ghaeilge.

Nuair a fiafraíodh de na múinteoirí comparáid a dhéanamh idir teagasc a gcuid ábhar trí Bhéarla agus trí Ghaeilge, má bhí an taithí acu a bheith ag teagasc trí Bhéarla, *ba é gur mar a chéile dóibh a bheith ag teagasc a gcuid ábhar trí Ghaeilge nó trí Bhéarla* an rogha is coitianta a bhí ag múinteoirí (43% a roghnaigh an rogha seo) agus ní raibh ach 16% acu (6 múinteoirí) a dúirt go raibh sé *níos deacra dóibh a bheith ag teagasc trí Ghaeilge ná trí Bhéarla*.

Ar an iomlán cheap na múinteoirí go raibh na daltaí an-ábalta (57% a dúirt go raibh na daltaí an-ábalta) nó ábalta (38% de na múinteoirí a dúirt go raibh na daltaí ábalta) don teagasc trí Ghaeilge agus cheapadar go raibh na daltaí an-sásta nó sásta (92%) a gcuid oideachais a fháil trí Ghaeilge.

Nuair a ceistíodh na múinteoirí go ginearálta faoi na gnéithe a chothaíonn deacracht dóibh agus iad ag teagasc trí Ghaeilge, ba léir nach raibh a gcumas féin sa Ghaeilge labhartha ná a gcumas léitheoireachta sa Ghaeilge ag cothú aon deacracht dóibh (89% agus 86% faoi seach a dúirt nach raibh aon deacracht acu leis na gnéithe seo) ach go raibh a gcumas sa Ghaeilge scríofa ag cothú roinnt deacracht do chéatadán suntasach múinteoirí (44% acu). Dúirt tuairim agus leath na múinteoirí chomh maith go raibh cumas labhartha, scríofa agus léitheoireacht na ndaltaí sa Ghaeilge ag cothú roinnt nó a lán deacrachta dóibh.

Thar aon ní eile, áfach, is iad an dá ghné is mó a chothaigh deacracht do na múinteoirí ná *Easpa áiseanna teagaisc oiriúnach don ábhar trí Ghaeilge* agus *An téarmaíocht Ghaeilge a bheith róchasta sna téacsleabhair Ghaeilge* (87% agus 81% faoi seach a dúirt go raibh sé seo ag cothú roinnt nó a lán deacrachta dóibh).

Nuair a ceistíodh na múinteoirí go ginearálta faoi na gnéithe is mó a thacódh leo a gcuid ábhar a theagasc go héifeachtach trí Ghaeilge, arís ba iad *soláthar níos fearr d'áiseanna teagaisc/téacsleabhair Ghaeilge* a bheith ann agus *caighdeán níos airde ar na háiseanna teagaisc/téacsleabhair Ghaeilge* atá ann, an dá ghné is mó a roghnaigh na múinteoirí.

Spéisiúil go leor, léirigh céatadán suntasach múinteoirí anseo (45% acu) go gcabhródh *níos mó oiliúna/inseirbhís do mhúinteoirí* don teagasc trí Ghaeilge leo mar in áit eile sa cheistneoir léirigh na múinteoirí gur cuma leo (68% acu) faoin ráiteas nó gur easaontaigh siad leis an ráiteas “Níl dóthain oiliúna/traenála factha agam chun mo chuid ábhar a mhúineadh trí Ghaeilge”

Nuair a cuireadh ceisteanna ginearálta ar na múinteoirí i bhfoirm aontú/easaontú le ráitis dhifriúla faoin teagasc trí Ghaeilge, ba léir go bhfuil múinteoirí míshásta leis an **soláthar d'áiseanna teagaisc/téacsleabhair trí Ghaeilge** atá ann agus le gnéithe de **chaighdeán na dtéacsleabhar/n-áiseanna teagaisc**.

Aontaíonn siad go láidir le ráitis ar nós “Tá ganntanas áiseanna teagaisc oiriúnacha do m’ábhar trí Ghaeilge” agus “Is cóir níos mó airgid a chaitheamh le téacsleabhair i nGaeilge a chur ar fáil do scoileanna Gaeltachta” agus easaontaíonn siad go mór le ráitis ar nós “Tá dóthain téacsleabhair Ghaeilge ar fáil do scoileanna Gaeltachta”.

Léiríonn ceisteanna ginearálta ar chaighdeán na dtéacsleabhar Gaeilge go bhfuil roinnt mhaith míshástachta le caighdeán na dtéacsleabhar - .ie aontaítear go mór le ráitis ar nós “Tá an téarmaíocht Ghaeilge róchasta sna téacsleabhair Ghaeilge” agus “Níl dóthain comtháiteachta idir an Ghaeilge sna páipéir scrúduithe agus an Ghaeilge sna téacsleabhair” agus easaontaíonn cuid mhaith acu le “Tá na téacsleabhair Ghaeilge atá ar fáil oiriúnach do na cúrsaí atá i gceist”.

Nuair a ceistíodh múinteoirí go mion faoi sholáthar agus faoi chaighdeán na dtéacsleabhar níos déanaí sa suirbhé, áfach, ba léir nach rabhadar chomh míshásta sin agus a léirigh na ceisteanna ginearálta a bhíodar. Á gceistiú go sonrath faoi na háiseanna teagaisc/téacsleabhair atá ar fáil dóibh trí Ghaeilge dá gcuid ábhair don Teastas Sóisearach, dúirt 57% de na múinteoirí go rabhadar sásta/cuíosach sásta leis an soláthar téacsleabhar i gcás Ábhar 1. I gcás ábhar 2, áfach, is 40% a bhí *sásta/cuíosach sásta* agus bhí 35% nach rabhadar *sásta* in aon chor. Dúirt 20% eile nach raibh aon áiseanna/téacsleabhar ar fáil dóibh dá gcuid ábhar 2 trí Ghaeilge.

I gcás na n-ábhar don Ardteistiméireacht, dúirt 42% go rabhadar cuíosach sásta leis an soláthar áiseanna d’ábhar 1, bhí 19% nach raibh sásta in aon chor agus dúirt 19% eile nach raibh aon áiseanna ann dóibh trí Ghaeilge. I gcás ábhar 2, cé gur líon an-bheag múinteoirí a d’fhreagair an cheist seo, ba léir gurb é nach raibh aon soláthar téacsleabhar/áiseanna teagaisc ann trí Ghaeilge in aon chor an freagra ba choitianta (34% a roghnaigh é seo, 23% a dúirt go rabhadar cuíosach sásta agus 30% a dúirt go rabhadar sásta/an-sásta).

Nuair a ceistíodh na múinteoirí go mion agus go sonrath faoi chaighdeán na dtéacsleabhar a bhí ar fáil dóibh dá gcuid ábhar, dúirt 66% de na múinteoirí go raibh na

téacsleabhair a bhí ar fáil do na hábhair don Teastas Sóisearach ar ardchaighdeán (20%) nó ar chaighdeán maith (46%).

I gcás na hArdteistiméireachta, dúirt os cionn leath na múinteoirí go raibh na téacsleabhair a bhí ar fáil as Gaeilge ar ardchaighdeán nó ar chaighdeán maith. Sa chás agus go mbíonn deacracht ag na múinteoirí le caighdeán na dtéacsleabhar, is iad *An Ghaeilge sna téacsleabhair a bheith ródheacair do na daltaí*, nó *An téacsleabhar Gaeilge a bheith as dáta* nó *Nach é an rogha téacsleabhar a aistríodh go Gaeilge an rogha is fearr ó thaobh chaighdeán an ábhair de* na gnéithe is mó a chuireann isteach ar chaighdeán na dtéacsleabhar.

Nuair a ceistíodh na múinteoirí go sonrath faoin soláthar agus faoi chaighdeán na n-**áiseanna teagaisc breise** a bhí ar fáil dóibh dá gcuid ábhar trí Ghaeilge (m.sh leabhair shaothair, áiseanna teicneolaíochta ar nós DVDanna, áiseanna don chlár bán, don ríomhaire srl, agus áiseanna don obair phraiticiúil), aithníodh go raibh soláthar ann do chuid de na háiseanna seo i gcás cuid de na hábhair.

I gcás a n-ábhar 1 don Teastas Sóisearach, dúirt tuairim is leath na múinteoirí go raibh áiseanna teicneolaíochta agus áiseanna don obair phraiticiúil ar fáil dóibh, is an tríú cuid a dúirt go raibh leabhair shaothair ar fáil dóibh. I gcás a n-ábhar 2, is leabhair shaothair is mó a bhí ar fáil agus ní raibh na háiseanna eile ar fáil ach don chúigiú cuid de na múinteoirí.

I gcás na hArdteiste bhí an soláthar d'áiseanna breise níos teirce fós ná mar a bhí don Teastas Sóisearach seachas go ndúirt 55% de na múinteoirí go raibh áiseanna teicneolaíochta ar fáil i gcás an Ábhair 1 a bhí acu. Maidir le caighdeán na n-áiseanna teagaisc breise, más ann dóibh, ba léir go raibh na múinteoirí idir *chuíosach sásta* nó *gan a bheith sásta in aon chor* leis an gcaighdeán ach ba é nach raibh na háiseanna seo ann in aon chor an príomhthuírim a chuireadar in iúl.

In ainneoin na bhfadhbanna atá ag múinteoirí le soláthar agus caighdeán na dtéacsleabhar nuair a cheistítear iad go ginearálta fúthu, cuireann siad in iúl go mb'fhearr leo a bheith ag úsáid téacsleabhair i nGaeilge ná téacsleabhair i mBéarla (Bhí 67% acu ag aontú go mór nó ag aontú go mb'fhearr leo a bheith ag úsáid téacsleabhair Ghaeilge ná Béarla) agus nuair a ceistíodh na múinteoirí arís go mion faoin téacsleabhar Gaeilge i gcomparáid leis an téacsleabhar Béarla níos faide anall sa suirbhé tháinig sé seo chun solais arís.

I sraith ceisteanna faoi úsáid théacs Gaeilge v Béarla sa seomra ranga, léirigh 76% de na múinteoirí go raibh sé an-tábhachtach agus 16% eile go raibh sé tábhachtach go mbeadh téacsleabhar Gaeilge seachas Béarla in úsáid sa seomra ranga don teagasc trí Ghaeilge. Sa chás agus go mbíonn téacsleabhar Gaeilge in úsáid ag an múinteoir sa seomra ranga, ní bhíonn an téacsleabhar Béarla ag na daltaí dar le 58% de na múinteoirí agus cheap os cionn 70% de na múinteoirí nach raibh sé tábhachtach in aon chor go mbeadh an leagan Béarla den téacsleabhar ag na daltaí sa chás agus go raibh an leagan Gaeilge den téacsleabhar in úsáid ag an múinteoir.

Maidir leis an teagmháil a bhíonn ag múinteoirí le múinteoirí eile a theagascann an t-ábhar/na hábhair chéanna leo trí Ghaeilge, is léir go mbíonn teagmháil rialta acu le múinteoirí (más ann dóibh) ina scoil féin (75% a dúirt go mbíonn teagmháil rialta acu le múinteoirí ina scoil féin). Dúirt an cúigiú cuid de na múinteoirí, áfach nach bhfuil aon mhúinteoir eile ina scoil féin a theagascann a gcuid ábhair trí Ghaeilge.

Maidir le teagmháil le múinteoirí eile i scoileanna eile a theagascann an t-ábhar céanna trí Ghaeilge, is fíorbheagán múinteoirí a bhfuil aon teagmháil acu le múinteoirí in aon scoil eile. Ní dúirt aon mhúinteoir go mbíonn teagmháil rialta acu le múinteoirí i scoil eile agus is 30% a dúirt go mbíonn an teagmháil seo acu *anois is arís*.

Nuair a cuireadh ceisteanna ginearálta (ráitis le haontú nó le heasaontú leo) ar mhúinteoirí faoin bhfonn a bheadh orthu oibriú nó bualadh le múinteoirí eile ar mhaithe le cruthú/roinnt áiseanna teagaise d'aontaigh formhór acu (68% acu) go mbeadh sé go maith níos mó deiseanna a fháil bualadh le múinteoirí eile ó scoileanna Gaeilge/lán-

Ghaeilge eile agus dúirt 73% acu go mbeadh suim acu oibriú i gcomhar le múinteoirí eile ó scoileanna eile chun áiseanna teagaisc a fhorbairt. Deimhníodh an mhian seo arís níos déanaí sa cheistneoir nuair a cuireadh sraith de cheisteanna sonracha ar mhúinteoirí maidir le dul ar aghaidh céim níos faide sa togra taighde seo agus bualadh agus oibriú le múinteoirí eile ó scoileanna eile. Dúirt 74% de na múinteoirí go mbeadh suim acu dul ag obair le múinteoirí eile ó thaobh chruthú ábhair/áiseanna teagaisc nó ábhar a roinnt agus chuir a bhformhór acu siúd a gcuid seoltaí rphoist ar fáil chun go bhféadfaí an próiseas sin a thosú.

Maidir leis na háiseanna atá cruthaithe ag múinteoirí iad féin, is nótaí cuimsitheacha ranga a bhí curtha ar fáil ag múinteoirí den chuid is mó. Is 22 múinteoir (nó 69%) a dúirt go raibh a leithéid acu. Is 44% (14 múinteoir) a dúirt go raibh sraitheanna de thaispeántais PowerPoint aistriithe acu ó shuíomhanna idirlíon (m.sh SLSS) agus is 38% (12 múinteoir) a dúirt go raibh aistriúchán déanta acu ar phríomhphointí théacsleabhar Béarla. As an 32 múinteoir a d'fhreagair an cheist seo, dhein 18 múinteoir liostáil ar na háiseanna ar fad a bhí acu go mbeidís sásta a chur ar fáil ar bhonn níos leithne do mhúinteoirí eile ar an gcoinníoll go bhfaighidís rud éigin thar n-ais iad féin agus ar an gcoinníoll go ndéanfaí eagarthóireacht ar a gcuid oibre. Léirigh na múinteoirí an-suim ar fad sa ghné seo den taighde – an fhéidearthacht dul ag obair i gcomhpháirtíocht le múinteoirí eile ar mhaithe le cur leis an soláthar áiseanna teagaisc atá ar fáil don teagasc trí Ghaeilge.

Nuair a rinneadh anailís ar thuirimí na múinteoirí ar na háiseanna atá ann don teagasc trí Ghaeilge de réir ábhair don Teastas Sóisearach agus don Ardteistiméireacht, is léir go mbraitheann tuairimí na múinteoirí ar ilghnéitheacht na n-áiseanna atá ar fáil dóibh san ábhar, ar chaighdeán na n-áiseanna (dar leo féin) atá ar fáil dóibh don ábhar (m.sh ar cé chomh suas chun dáta agus atá an téacsleabhar Gaeilge atá ar fáil) agus ar mheon an mhúinteora féin i dtaca lena rannpháirtíocht féin i gcruthú áiseanna teagaisc agus ar an eolas a chuireann siad orthu féin maidir leis na háiseanna atá ar fáil.

9. CONCLÚID AGUS MOLTAÍ

Leagadh síos bunsraith sa taighde seo do mhórán oibre eile atá le déanamh le múinteoirí iar-bhunscoile Gaeltachta/lán-Ghaeilge i dtaca le comhpháirtíocht a chothú ina measc chun áiseanna teagaisc don teagasc trí Ghaeilge a ullmhú agus i dtaca le hoiliúint agus traenáil a chur ar fáil don teagasc trí Ghaeilge – ceann de phríomhaidhmeanna an taighde seo agus ceann de phríomhriachtanais an teagaisc trí Ghaeilge don Iarbhunscolaíocht faoi láthair. Nuair nach bhfuil soláthar dóthanach d'áiseanna teagaisc/téacsleabhar ar fáil do mhúinteoirí don teagasc trí Ghaeilge ina gcuid ábhair, is léir ón taighde seo go bhfuil sé níos deacra do mhúinteoirí a bheith ag teagasc go hiomlán trí Ghaeilge. Tarlaíonn sé chomh maith nach n-úsáideann na múinteoirí go léir na téacsanna/áiseanna Gaeilge ar fad atá ann ag brath ar a meon/tuiscintí ar fhiúntas na n-áiseanna nó ag brath ar an bhfuil fhios acu a leithéid de théacsanna/áiseanna a bheith ar fáil – dúshláin eile go bhféadfaí a sharú le breis oiliúna agus traenála agus deiseanna comhpháirtíochta idir mhúinteoirí.

Na múinteoirí iarbhunscoile a ghlac páirt sa taighde seo is léir go bhfuil siad anchompordach ag teagasc trí Ghaeilge iad féin agus ceapann siad go bhfuil na daltaí ábalta agus sásta go maith leis an teagasc trí Ghaeilge. Nuair a chuireann siad síos níos doimhne ar na deacrachtaí agus na dúshláin atá acu mar mhúinteoirí áfach, míníonn siad go bhfuil deacrachtaí acu le caighdeán Gaeilge na ndaltaí agus míníonn céatadán suntasach go maith de na múinteoirí go bhfuil roinnt deacrachtaí acu lena gcumas scríofa sa Ghaeilge. Is cúis inní é seo gur léirigh nach mór leath na múinteoirí go raibh deacrachtaí acu lena gcumas scríbhneoireachta sa Ghaeilge agus ní mór é seo a chur san áireamh agus pleanáil á déanamh ar chóras chomhpháirtíochta idir mhúinteoirí ó thaobh chruthú agus roinnt áiseanna/ábhar teagaisc dá gcuid ábhair trí Ghaeilge nó ó thaobh aon oiliúint agus traenáil a chur ar fáil dóibh. Ní mór iniúchadh breise a dhéanamh chomh maith ar na deacrachtaí atá ann maidir le cumas Gaeilge na ndaltaí agus na himpleachtaí atá aige sin don teagasc trí Ghaeilge.

Go pointe áirithe cruthaíonn cumas Gaeilge na ndaltaí, a gcumas scríofa agus léitheoireachta ach go háirithe, dúshláin do na múinteoirí agus iad ag teagasc trí Ghaeilge in iarbhunscoileanna Gaeltachta/lán-Ghaeilge ach arís anseo, mar a tuairiscíodh cheana i

dtaighde eile (Mac Donnacha et al, 2005) gan cuimhneamh ródhomain ar an gceist deir na múinteoirí gurb é an easpa áiseanna teagaisc oiriúnach don ábhar trí Ghaeilge agus an téarmaíocht Ghaeilge a bheith róchásta sna téacsleabhair Ghaeilge is mó a chothaíonn deacracht dóibh.

Luann siad deacracht áirithe chomh maith maidir leis an rogha téacsleabhar a aistríodh go Gaeilge i gcás cuid de na hábhair. Ar an gcéad fhéachaint, ceaptar go bhfuil an-fhadhb ó thaobh cheist na dtéacsleabhar de, ach nuair a cheistítear na múinteoirí níos doimhne faoi na gnéithe seo (soláthar agus caighdeán áiseanna teagaisc) i gceisteanna a éilíonn níos mó machnaimh, níl siad chomh míshásta sin leis an soláthar téacsleabhar agus go háirithe le caighdeán na dtéacsleabhar atá ar fáil dóibh. Cheap dhá thrian de na múinteoirí go raibh na téacsleabhair a bhí ar fáil don Teastas Sóisearach ar ardchaighdeán nó ar chaighdeán maith agus bhí leath na múinteoirí a cheap amhlaidh i gcás na dtéacsleabhar a bhí ar fáil don Ardteistiméireacht.

Is beag ábhar ina raibh na múinteoirí an-sásta le hilghnéitheacht an tsoláthair áiseanna/téacsleabhair a bhí ar fáil dá gcuid ábhair trí Ghaeilge ach d'aithin na múinteoirí le linn an taighde go raibh feabhas tagtha ar sholáthar théacsanna/áiseanna teagaisc trí Ghaeilge le blianta anuas.

Bhraith an taighdeoir, áfach, go raibh an claonadh ann i measc múinteoirí agus í ag caint leo faoi na háiseanna teagaisc a bheith i gcónaí ag cur ilghnéitheacht an tsoláthair théacsanna agus áiseanna atá ar fáil don teagasc trí Ghaeilge i gcomparáid le hilghnéitheacht na n-áiseanna don teagasc trí Bhéarla – soláthar nach mbeidh comhionann riamh agus comparáid nach bhfuil réadúil mar is dual d'aon chomparáid a dhéanfaí idir soláthar sa mhórtheanga agus sa mhionteanga.

Maidir leis na háiseanna teagaisc breise atá ar fáil anuas ar théacsleabhar do na hábhair trí Ghaeilge, bhí sé soiléir óna bheith ag caint leis na múinteoirí agus ón gceistneoir go raibh riachtanais phráinneacha sa réimse seo i gcás cuid mhaith de na hábhair – go háirithe ó thaobh áiseanna don chlár bán idirghníomhach agus ó thaobh leabhair shaothair de.

Ba dhíol spéise, áfach, nuair a bhí an taighdeoir ag caint leis na múinteoirí faoi na háiseanna breise nach i gcónaí a bhíodar ar an eolas faoin réimse áiseanna breise a bhí ar fáil trí Ghaeilge do chuid de na hábhair.

In ainneoin na ndeacrachtaí a léirigh na múinteoirí a bhí acu leis an soláthar agus caighdeán téacsleabhar Gaeilge, pointe le suntas ná gur téacsleabhar Gaeilge seachas Béarla a b'fhearr le formhór na múinteoirí agus gur cheapadar go raibh an-tábhacht ag baint leis an téacsleabhar Gaeilge seachas téacsleabhar Béarla don teagasc trí Ghaeilge. Cé gur labhair múinteoirí leis an taighdeoir le linn na n-agallamh faoin úsáid a bhaineann daltaí as téacs Béarla fiú má tá an téacs Gaeilge in úsáid ag an múinteoir sa seomra ranga, ba léir ón suirbhé nach nós róchoitianta a bhí ansin agus gur cheap formhór na múinteoirí nach raibh sé tábhachtach in aon chor go mbeadh leagan Béarla den téacs ag na daltaí.

Anuas air seo bhí sé suimiúil gur léirigh na múinteoirí tuiscintí leathana ar cad is teagasc trí Ghaeilge ann, nuair a dúirt tromlach acu go raibh sé an-tábhachtach don teagasc trí Ghaeilge go mbeadh an obair bhaile agus na scrúduithe á ndéanamh trí Ghaeilge ag na daltaí mar chuid dá oideachas trí Ghaeilge.

Maidir leis na riachtanais oiliúna a bheadh ag teastáil ó mhúinteoirí chun a gcuid áiseanna féin a chruthú i gcomhpháirtíocht le múinteoirí eile nó an saghas tacaíochta a bheadh ag teastáil uathu chun a gcuid teagasc trí Ghaeilge a dhéanamh níos éifeachtaí, ba léir ó na hagallaimh agus ón suirbhé nach raibh múinteoirí tar éis cuimhneamh ar an gceist seo rómhór roimhe seo. Léiríodh tuairimí difriúla ar an gceist seo in áiteanna difriúla sa suirbhé. In áit amháin sa cheistneoir níor léirigh na múinteoirí puinn suime in oiliúint agus traenáil a fháil sna réimsí seo ach in áit eile dúirt roinnt mhaith acu go dtacódh breise oiliúna agus traenála leo a gcuid ábhar a theagasc go héifeachtach trí Ghaeilge. Le linn na n-agallamh léirigh na múinteoirí suim in oiliúint agus traenáil, go háirithe sa deis a thabharfadh a leithéid dóibh bualadh le múinteoirí eile ó scoileanna Gaeltachta/lánGhaeilge eile.

An teagmháil atá ag na múinteoirí faoi láthair le múinteoirí eile a theagascann an t-ábhar céanna leo trí Ghaeilge tá sí teoranta do theagmháil le múinteoirí ina scoil féin ach amháin don chúigiú cuid acu nach bhfuil aon mhúinteoir eile ina scoil féin a theagascann an t-ábhar céanna trí Ghaeilge. Is teagmháil annamh a bhíonn ag na múinteoirí le múinteoirí ó scoileanna Gaeltachta/lán-Ghaelacha eile. Ciallaíonn sé seo go mbraitheann cuid de na múinteoirí go bhfuil siad go mór leo féin ag teagasc a gcuid ábhair trí Ghaeilge agus nach bhfuil aon deimhniú á fháil acu ó chomhghleacaithe go bhfuil siad ar an mbóthar ceart ó thaobh theagasc a gcuid ábhair trí Ghaeilge de. Cé nach uathu féin a tháinig an smaoineamh, bheadh an-fhonn ar na múinteoirí an deis a fháil bualadh le múinteoirí ó scoileanna Gaeltachta/lán-Ghaeilge eile agus léiríodar suim thar na bearta in obair i gcomhpháirtíocht le múinteoirí eile ar mhaithe le cruthú áiseanna teagaisc. Tá cuid mhaith ábhar cruthaithe ag múinteoirí cheana féin dá gcuid ábhar trí Ghaeilge agus bheidís an-toilteanach é sin a chur ar fáil don togra seo agus tógáil air sin trí bhualadh le múinteoirí eile ó scoileanna eile agus a thuilleadh áiseanna a fhorbairt.

Thar aon ní eile léiríonn an taighde seo an toil atá ann i measc mhúinteoirí Iarbhunscoile oibriú i gcomhpháirtíocht ar mhaithe le háiseanna teagaisc don teagasc trí Ghaeilge a chruthú. Cé gur taispeánadh sa taighde seo nach bhfuil na múinteoirí mar ghrúpa ag seasamh siar chun dianmhacnamh ar dhéanamh as a stuaim féin ar na gnéithe a d'fheabhsódh an teagasc trí Ghaeilge, is léir go bhfáiltíonn siad roimh smaointe feabhais nuair a chuirtear faoin mbráid iad. Bheadh na múinteoirí sásta córas a thosnú láithreach bonn faoi stiúir COGG ina bhféadfaí ábhar atá acu cheana féin a roinnt ar mhúinteoirí eile ach níos tábhachtaí fós tá deis mhór anseo oiliúint agus traenáil a chur ar fáil do mhúinteoirí ina bhféadfaidís a bheith ag soláthar áiseanna go leanúnach agus ag cur lena bhforbairt ghairmiúil ó thaobh an teagaisc trí Ghaeilge de. Thabharfadh sé seo deis do na múinteoirí a bheith rannpháirteach iad féin sa phróiseas a bhaineann le téacsleabhair a chur ar fáil agus le hilghnéitheacht áiseanna teagaisc a chruthú chomh maith le comhairle agus comhlúadar a dhéanamh le comhghleacaithe atá i mbun na hoibre céanna (deimhniúchán oibre atá ag teastáil in aon ghairmbheatha). Tríd an bpróiseas seo d'fhéadfaí cuid de na ceisteanna a nochtadh sa taighde seo a phlé níos doimhne leis na múinteoirí .i. conas déileáil leis na réimsí teanga cuí sna téacsleabhair, roghnú an

téacsleabhair chirt le haistriú go Gaeilge, conas is féidir leis an teagasc trí Ghaeilge cumas Gaeilge na ndaltaí a fhorbairt chun nach mbeadh sé sin mar dheacracht chomh mór do na múinteoirí, conas cumas Gaeilge scríofa na múinteoirí a fheabhsú agus tuairimí na ndaltaí a fháil ar na háiseanna teagaisc/téacsleabhair Ghaeilge agus ar an teagasc trí Ghaeilge i gcoitinne. Thabharfadh próiseas comhpháirtíochta mar seo deis do na múinteoirí seasamh siar agus machnamh níos doimhne a dhéanamh ar an teagasc trí Ghaeilge trí chéile agus tá gach seans ann go spreagfadh sé na múinteoirí le bheith ag cur lena bhforbairt ghairmiúil as a stuaim féin. Bheadh na múinteoirí iad féin agus an córas teagasc trí Ghaeilge níos forásaí dá bharr.

MOLTAÍ

1. Go gearrthéarmach moltar go dtógfaí ar an dea-thoil a léirigh na múinteoirí sa taighde seo don saghas togra comhpháirtíochta idir mhúinteoirí a cuireadh faoina mbráid agus go ndéanfaí teagmháil leis na múinteoirí a liostáil an t-ábhar/na háiseanna go mbeidís sásta a chur ar fáil don togra seo. Go gearrthéarmach d'fhéadfaí eagarthóireacht a dhéanamh ar an ábhar seo agus é a chur ar fáil ar shuíomh idirlíon ChOGG. Dhéanfadh sé seo méid áirithe comhpháirtíochta a thionscnamh idir mhúinteoirí. D'fhéadfaí eolas a chur ar fáil chomh maith faoin mórthionscnamh (thíos) atá beartaithe.
2. Moltar mórthionscnamh a phleanáil ina mbeadh deis comhoibrithe idir múinteoirí Iarbhunscoile Gaeltachta agus múinteoirí Lán-Ghaeilge ó thaobh chruthú áiseanna teagaisc de mar a cuireadh síos air le linn an taighde seo. Thosnófaí le ceardlanna de réir ábhair agus de réir Chúige ina bhféadfadh na múinteoirí ábhair aithne a chur ar a chéile agus ina dhiaidh sin d'fhorbrófaí seisiún oiliúna agus traenála

rialta do na múinteoirí ábhair. As sin d'eascródh meithleacha cearta oibre (grúpaí múinteoirí) de réir ábhair as a d'fhéadfaí áiseanna a chruthú agus a chur ar fáil, m.sh. trí shuíomhanna speisialta idirlíon do gach ábhar – macasamhail an SLSS do na hábhair trí Bhéarla. Is próiseas oiliúna agus traenála a bheadh anseo do na múinteoirí chomh maith ina mbeadh deis acu machnamh domhain a dhéanamh ar an teagasc trí Ghaeilge agus cur lena gcuid forbairt ghairmiúil féin. Bheadh 4 áisitheoirí (de réir Chúige) lánaimseartha fostaithe ag COGG ag teastáil chun an próiseas seo a thionscnamh agus a riar sna scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge i ngach aon chontae.

3. Le linn an phróisis seo, moltar breis taighde a dhéanamh ar na ceisteanna eile a luadh thuas, ar nós cén fáth a gceapann na múinteoirí go bhfuil an téarmaíocht Ghaeilge róchasta i gcuid de na téacsleabhair, nó cad atá le cur san áireamh i roghnú téacsleabhar le haistriú go Gaeilge dar leo, conas caighdeán Gaeilge na ndaltaí agus caighdeán scríofa na múinteoirí a fheabhsú, cad a cheapann na daltaí faoi úsáid théacsleabhar/áiseanna Gaeilge, conas a chuireann úsáid áiseanna Béarla isteach ar thoradh na foghlama/an oideachais trí Ghaeilge srl.
4. San idirlinn moltar do COGG nuachtlitir rialta a scaipeadh ar na múinteoirí ábhair (i. teagmháil dhíreach leis na múinteoirí) maidir leis na háiseanna teagaisc/téacsleabhair nua atá ar na bioráin agus a rannpháirtíocht i gcruthú an téacsleabhair nó i roghnú an téacsleabhair atá le haistriú a chur san áireamh más féidir.
5. Moltar do phríomhoidí agus do mhúinteoirí iad féin a choimeád ar an eolas faoi na háiseanna teagaisc ar fad atá ar fáil dá gcuid ábhar trí theagmháil níos fearr a dhéanamh le leithéidí COGG agus a thuairimí faoi na háiseanna a chur in iúl.
6. Moltar go gcuirfí cúrsa Máistreachta páirtaimseartha ar fáil do mhúinteoirí iarbhunscoile (M.ED) sa Teagasc trí Ghaeilge ina mbeadh deis ag múinteoirí staidéar a dhéanamh ar dhoimhneacht an teagaisc trí Ghaeilge agus ina mbeadh

cruthú áiseanna teagaisc mar chuid lárnach don oiliúint seo. Bheadh nasc láidir idir an cúrsa oiliúna seo agus an mórphróiseas comhpháirtíochta a bheadh á thionscnamh ag COGG do na múinteoirí ábhair iarbhunscoileanna i scoileanna lán-Ghaeilge/Gaeltachta (moladh 2 thuas).

TAGAIRTÍ

Aronson, Eliot (2003). *The Social Animal*. New York; Worth Publishers.

Bailey, K.M 1992. The processes of innovation in language teacher development. What, why and how teachers change. In J Flowerdew, M. Brock and S. Hsia (eds). *Perspectives on Second Language Teacher Education*. Hong Kong; City Polytechnic of Hong Kong. Lch 253-282.

Batten, M (1991). Identification and development of teachers' professional craft knowledge. In Ho Wah Kam and Ruth Wong Y.L (eds). *Improving the quality of the teaching profession: In International perspective*. Singapore. Institute of Education. Lch 295-305

Freeman, D. 1989. Teacher training, development, and decision making; A model of teaching and related strategies for language teacher education. *TESOL Quarterly*, 23(1) 27-45

Mac Donnacha, S, Ní Chualáin, F, Ní Shéaghda, A, Ní Mhainín, T (2005). *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta 2004*. BÁC: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Mac Donnacha, S (2005). *Léargas ó na Príomhoidí, na Múinteoirí agus na Tuismitheoirí, Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta 200*. BÁC: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Muintearas (2000). *Gnéithe den Oideachas sa Ghaeltacht*. Impleachtaí Polasaí (www.muintearas.com)

Richards, J, Gallo, P, Renanday, W (200?). *Exploring Teachers' Beliefs and the Processes of Change*. SEAMO Regional Language Centre, Singapore

Pennington, M.C 1990. A professional development focus for the language teaching practicum. In Jc Richards and D. Nunan (eds) *Second language teacher education*. Cambridge: Cambridge University Press.

OECD, 2009. *Creating Effective Teaching and Learning Environments: First Results from TALIS*. Teaching Practices, Teachers Beliefs and Attitudes.